An Coimisiún Eorpach



# An Painéal Saoránach Eorpach um Shoghluaisteacht Foghlama

## Tuarascáil Chríochnaitheach

#LearningMobilityEU

AN PAINÉAL SAORÁNACH EORPACH UM SHOGHLUAISTEACHT FOGHLAMA

Lámhscríbhinn arna críochnú mí na Samhna 2023

Ní féidir a mheas gurb é atá sa doiciméad seo seasamh oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023

© An tAontas Eorpach, 2023

Déantar beartas athúsáide dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39). Ach amháin má shonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) (https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear an athúsáid ar choinníoll go dtugtar an t-aitheantas cuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

Gach grianghraf © An tAontas Eorpach.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-68-09228-6 | doi:10.2775/371369 | NA-09-23-534-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-68-09188-3 | doi:10.2775/601220 | NA-09-23-534-GA-N |

# ÁBHAR

**1. Réamhrá** .......... **2**

**2. Príomhghnéithe an Phainéil Saoránach Eorpach maidir le Soghluaisteacht Foghlama** .......... **5**

2.1. Roghnú randamach agus comhdhéanamh déimeagrafach an phainéil .......... 6

2.2. An Coiste Stiúrtha .......... 9

2.3. An Coiste Eolais .......... 10

2.4. Ionad Eolais agus Faisnéise .......... 11

2.5. Cainteoirí .......... 11

2.6. Príomh-mhodhnóirí .......... 13

2.7. Éascaitheoirí .......... 14

2.8. Breathnóirí .......... 15

**3. Creat modheolaíochta agus seisiúin aonair** .......... **18**

3.1. Creat modheolaíochta .......... 19

3.2. Seisiún 1:Próiseas agus aschuir .......... 20

3.3. Seisiún 2:Próiseas agus aschuir .......... 24

3.4. Seisiún 3:Próiseas agus aschuir .......... 26

**4. Na chéad chéimeanna eile** .......... **33**

**Iarscríbhinn: Moltaí deiridh** .......... **36**

# 1. Réamhrá


European Citizens Panel
learning mobility
Have Your Say
#LearningMobilityEU



D'eagraigh an Coimisiún Eorpach trí phainéal saoránach Eorpach in 2023, agus phléigh ceann amháin acu an topaic 'soghluaisteacht foghlama'. Thug gach ceann de na painéil suas le 150 saoránach a roghnaíodh go randamach ó gach ceann de 27 mBallstát an Aontais le chéile chun plé a dhéanamh agus moltaí a dhéanamh roimh phríomhthograí áirithe ón gCoimisiún. Comhlíonann na painéil an gealltanas a cuireadh in iúl i dTeachtaireacht an 17 Meitheamh 2022 dar teideal 'Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa: Gníomhaíocht nithiúil a dhéanamh den fhís' (1) agus ón Uachtarán von der Leyen le linn aitheasc ar Staid an Aontais 2022. Ba é an Painéal Saoránach Eorpach maidir le Soghluaisteacht Foghlama an tríú painéal a tionóladh, agus trí sheisiún ar siúl an 3–5 Márta 2023, an 24–26 Márta 2023 agus an 28–30 Aibreán 2023. Tionóladh an painéal i gcomhthéacs na réamhoibre don **togra le haghaidh moladh ón gComhairle maidir leis an tsoghluaisteacht foghlama, chun an Coimisiún a chur ar an eolas faoi dhearcadh na saoránach** agus chun a moltaí a fháil.

Is é 'Soghluaisteacht foghlama' an téarma a úsáidtear nuair a fhanann duine ar an gcoigríoch ar feadh tréimhse áirithe ama chun críche foghlama, i gcomhshaol amhail ollscoil, scoil nó fiú cuideachta nó mar chuid de mhalartú ógra. Sa lá atá inniu ann, is comhpháirt fhíor-riachtanach den oideachas nua-aimseartha í an tsoghluaisteacht foghlama agus is uirlis ríthábhachtach í chun foghlaim ar feadh an tsaoil, forbairt phearsanta agus tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn. Mar sin féin, tá dúshláin shuntasacha fós ann maidir le soghluaisteacht foghlama a dhéanamh inrochtana, ionchuimsitheach agus éifeachtach do gach foghlaimeoir san Aontas Eorpach.

Agus na dúshláin sin á n-aithint, tá ról gníomhach glactha ag an Aontas maidir le soghluaisteacht foghlama a chur chun cinn agus tacú leis na Ballstáit ina n-iarrachtaí rannpháirtíocht a mhéadú. Leagtar amach i straitéis 2025 an Choimisiúin don Limistéar Eorpach Oideachais, mar shampla, spriocanna uaillmhianacha chun deiseanna le haghaidh soghluaisteacht foghlama a thabhairt ar an bhfód do chách, agus chun aitheantas frithpháirteach uathoibríoch a thabhairt do thorthaí foghlama a fuarthas ar an gcoigríoch. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, áfach, tá gá aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chasta bheartais a bhaineann le maoiniú, scileanna teanga, aitheantas agus lánpháirtiú sóisialta agus cultúrtha. Tá ról criticiúil ag an Aontas maidir le comhar agus comhordú a éascú i measc na mBallstát agus páirtithe leasmhara eile chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus chun réitigh indéanta a fhorbairt.

(1) An Coimisiún Eorpach (2022), TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN — Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa: Gníomhaíocht nithiúil a dhéanamh den fhís, COM(2022) 404 (https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX<HS>%3A52022DC0404).



In 2023, chinn an Coimisiún togra beartais nua a chur ar aghaidh a mbeidh sé mar chuspóir leis soghluaisteacht foghlama a chur chun cinn do chách sa Limistéar Eorpach Oideachais. Sa chomhthéacs sin, thionóil an Coimisiún painéal saoránach Eorpach inar iarradh ar na rannpháirtithe an cheist seo a leanas a fhreagairt: '**Conas is féidir linn deiseanna le haghaidh soghluaisteacht foghlama a chur ar fáil do chách?**' Iarradh ar shaoránaigh na príomhchonstaicí don tsoghluaisteacht foghlama a shainaithint agus cad is gá a dhéanamh chun é a fhíorú do chách.

Bunaithe ar ábhair faisnéise, ar ionchuir ó shaineolaithe agus ar dhíospóireachtaí i meithleacha agus i gcruinnithe iomlánacha, shainaithin rannpháirtithe an phainéil saincheisteanna a bhí ábhartha do thogra beartais nua an Choimisiúin agus thug siad tosaíocht dóibh. Déantar achoimre ar ionchuir agus ar aschuir an phainéil sa tuarascáil seo, lena n-áirítear an iarscríbhinn a ghabhann léi. Déantar achoimre sa tuarascáil sin ar phríomhghnéithe an phainéil agus leagtar amach inti a chreat modheolaíochta, an bealach ar éascaíodh na díospóireachtaí, aschuir na dtrí sheisiún agus na chéad chéimeanna eile. Ar deireadh, baintear ceachtanna agus conclúidí as an bpróiseas ar fad.



# 2. Príomhghnéithe an Phainéil Saoránach Eorpach maidir le Soghluaisteacht Foghlama

## 2.1. ROGHNÚ RANDAMACH AGUS COMHDHÉANAMH DÉIMEAGRAFACH AN PHAINÉIL

Rinneadh rannpháirtithe an Phainéil Saoránach a earcú trí roghnú randamach toisc gur cur chuige cothrom, comhsheasmhach agus iontaofa é sin chun daoine aonair a roghnú do phróisis rannpháirtíochta den sórt sin. Má chuirtear i bhfeidhm i gceart é, is féidir le roghnú randamach éagsúlacht agus ionadaíochas a mhéadú. Rinne Kantar Public an earcaíocht le tacaíocht ó 27 ngníomhaireacht earcaíochta náisiúnta. I bhformhór na dtíortha, earcaíodh rannpháirtithe tríd an nguthán, trí dhiailiú digiteach randamach a úsáid. I roinnt tíortha eile, áfach, úsáideadh modhanna aghaidh ar aghaidh nó roghnú randamach ó phainéal ar líne dóchúlaíoch (Lucsamburg amháin). Bhí an meánráta glactha éagsúil ó Bhallstát go chéile, le meán foriomlán de 5,15%.


### Tábla 1: Comhdhéanamh déimeagrafach an phainéil


| TÍR | RANNPHÁIRTITHE SPRIOCDHÍRITHE | RANNPHÁIRTITHE IARBHÍR | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Seisiún 1 | Seisiún 2 | Seisiún 3 |
| An Bheilg | 5 | 4 | 4 | 4 |
| An Bhulgáir | 4 | 4 | 4 | 4 |
| An tSeicia | 5 | 5 | 5 | 5 |
| An Danmhairg | 3 | 3 | 3 | 3 |
| An Ghearmáin | 19 | 19 | 15 | 14 |
| An Eastóin | 2 | 2 | 2 | 2 |
| Éire | 3 | 3 | 3 | 3 |
| An Ghréig | 5 | 5 | 5 | 5 |
| An Spáinn | 12 | 12 | 12 | 11 |
| An Fhrainc | 15 | 15 | 15 | 14 |
| An Chróit | 2 | 2 | 2 | 2 |
| An Iodáil | 15 | 15 | 15 | 15 |
| An Chipir | 2 | 2 | 2 | 2 |
| An Laitvia | 2 | 3 | 3 | 3 |
| An Liotuáin | 2 | 2 | 2 | 2 |
| Lucsamburg | 2 | 2 | 2 | 2 |
| An Ungáir | 5 | 5 | 5 | 5 |
| Málta | 2 | 2 | 1 | 1 |
| An Ísiltír | 6 | 4 | 4 | 4 |
| An Ostair | 4 | 4 | 3 | 4 |
| An Pholainn | 10 | 10 | 10 | 10 |
| An Phortaingéil | 5 | 4 | 4 | 4 |
| An Rómáin | 7 | 7 | 7 | 7 |
| An tSlóivéin | 2 | 2 | 2 | 2 |
| An tSlóvaic | 3 | 3 | 3 | 3 |
| An Fhionlainn | 3 | 3 | 3 | 3 |
| An tSualainn | 5 | 4 | 3 | 3 |
| **Iomlán** | **150** | **142** | **139** | **137** |

I dTábla 1, soláthraítear forbhreathnú ar an líon painéalaithe saoránach atá ag teastáil ó Bhallstát go chéile (cuótaí tíre) agus ar an líon iarbhír rannpháirtithe agus cóimheas tíre na rannpháirtithe in aghaidh an tseisiúin. Ba é an aidhm a bhí ann leibhéal ionadaíochta ar Bhallstáit an Aontais a bhaint amach a bheadh comhréireach le méid a ndaonra, agus é cothromaithe de réir líon íosta bheirt saoránach in aghaidh na tíre (²). Is é sin le rá, leagadh síos spriocanna arda do thíortha ina bhfuil daonra mór, amhail an Ghearmáin (19 saoránach), agus tugadh cuireadh do bheirt saoránach ó Lucsamburg agus ó Mhálta araon. Ar an iomlán, bhí leibhéal maith tinrimh ann, rud a léirigh go ginearálta na spriocanna a bhí leagtha síos. I gcás 22 Bhallstát as 27 mBallstát an Aontais, baineadh amach na spriocanna rannpháirtíochta. Ar an iomlán, as na 150 rannpháirtí spriocdhírithe, ghlac 142 saoránach páirt i gceann amháin ar a laghad de na seisiúin.

Chun a chinntiú gur léirigh an painéal éagsúlacht dhaonra an Aontais a mhéid is féidir, rinneadh sprioc-chuótaí do rannpháirtithe a shainiú de réir na saintréithe sochdhéimeagrafacha a chuirtear i láthair i bhfíor 1 (tagraíonn sciartha na rannpháirtithe do na 142 saoránach a d'fhreastail ar cheann amháin ar a laghad de na seisiúin). Eisceacht amháin ab ea an rogha chun ró-ionadaíocht a dhéanamh ar an óige trí aon thrian den phainéal a earcú sa chatagóir aoise idir 16–25 bliana d'aois, fiú má tá níos lú ná 33 % de dhaonra an Aontais sa chatagóir sin (³).


### Fíor 1: Sprioclíon agus rannpháirtithe iarbhír in aghaidh an tseisiúin maidir le ceithre chritéar shochdhéimeagrafacha








(²) Gineadh na cuótaí tíre trí úsáid a bhaint as an gcóras comhréireachta céimlaghdaitheach, a úsáidtear freisin chun líon na suíochán in aghaidh an Bhallstáit i bParlaimint na hEorpa a ríomh.

(³) Cuimsíonn an t-aoisghrúpa sin 10.6% de dhaonra an Aontais (Eurostat, 2022).



Dáileadh na rannpháirtithe de réir na háite ina bhfuil cónaí orthu
100%
50%
0%
62,7%
62,6%
62,8%
69,0%
37,3%
37,4%
37,2%
31,0%
Urban
Rural
Session 1
Session 2
Session 3
Target

Dáileadh na rannpháirtithe de réir a leibhéil oideachais
60%
40%
20%
0%
9,2%
8,6%
9,5%
21,0%
45,1%
45,3%
46,0%
39,0%
45,8%
46,0%
44,5%
40,0%
Primary
Secondary
Tertiary
Session 1
Session 2
Session 3
Target




## 2.2. AN COISTE STIÚRTHA

Rinne an Coiste Stiúrtha an painéal a dhearadh, a eagrú agus a stiúradh. Tháinig an coiste le chéile uair sa tseachtain chun cinneadh a dhéanamh maidir le cúrsaí coincheapúla agus eagraíochtúla, lena n-áirítear an mhodheolaíocht, an lóistíocht agus ceisteanna a bhaineann leis an mbuiséad. Bhí an coiste comhdhéanta d'ionadaithe ón gCoimisiún agus de chonraitheoirí. Ar thaobh an Choimisiúin Eorpaigh, chuir trí Ard-Stiúrthóireacht (AS) le hobair an Choiste Stiúrtha: Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, atá i gceannas ar chéim nua rannpháirtíocht na saoránach agus, go háirithe, atá freagrach as modheolaíocht agus eagrú an phainéil; an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, atá i gceannas ar an mbeartas gairmoideachais agus gairmoiliúna agus oideachais aosaigh; agus an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr, atá freagrach as soghluaisteacht foghlama, lena n-áirítear an togra atá le teacht ón gCoimisiún le haghaidh moltaí ón gComhairle i ndáil leis an ábhar.

D'oibrigh na conraitheoirí le chéile chun an ghlúin nua sin de phainéil saoránach Eorpach a dhearadh agus a chur chun feidhme. Ba iad Kantar Public a rinne an earcaíocht. Bhí VO Eoraip agus MCI freagrach as cumarsáid agus cúnamh saoránaigh agus as gach gné eagraíochtúil de na trí sheisiún. Ina theannta sin, thug Foireann idirnáisiúnta um Dhíospóireachtaí, atá comhdhéanta de ifok (an Ghearmáin), Missions Publiques (an Fhrainc), d'Fhondúireacht Teicneolaíochta na Danmhairge (an Danmhairg), agus deliberativa (an Spáinn), saineolaithe le chéile chun an pléphróiseas a dhearadh agus a éascú. Chuir comhpháirtithe na Foirne Díospóireachta a bhfios gnó le chéile chun an próiseas rannpháirtíochta foriomlán agus modheolaíocht gach seisiúin a choincheapú, in éineacht le hArd-Stiúrthóireacht na Cumarsáide. Bhí an Fhoireann Díospóireachta freagrach as nóta coincheapa a dhréachtú ina leagtar amach sainchúram an phainéil, in éineacht leis na trí Ard-Stiúrthóireacht, agus as Coiste Eolais comhairleach a chur ar bun. Thairis sin, le tacaíocht ón Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú agus Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr, d'earcaigh sí cainteoirí agus chuir sí ar an eolas iad, cainteoirí a chuidigh le saoránaigh an tsaincheist, agus cé chomh casta atá sí, a thuiscint le linn na dtrí sheisiún. Chomhordaigh sí freisin cumarsáid le saoránaigh agus leis an bhfoireann tacaíochta ar an láthair, rinne sí an phríomh-mhodhnóireacht, d'éascaigh sí an obair i ngrúpaí, agus rinne sí maoirseacht ar thuairisciú na dtorthaí.



## 2.3. AN COISTE EOLAIS

Trí Choiste Eolais atá comhdhéanta de shaineolaithe i réimse na soghluaisteachta foghlama, cuireadh feabhas ar shláine an phléphróisis trí cháilíocht, oibiachtúlacht, éagsúlacht agus sothuigtheacht na faisnéise a sholáthraítear do shaoránaigh a ráthú. Ba é ról an Choiste Eolais eolas agus saineolas a chruthú agus a sholáthar chun cothroime iomaíochta a chruthú do na rannpháirtithe uile agus chun plé eatarthu a éascú. Rinneadh é sin, *inter alia*, trí phacáiste faisnéise a dhréachtú, rud a dáileadh ar shaoránaigh roimh an gcéad seisiún. Forbraíodh an t-ionchur beartais fíorasach i ndlúthchomhar leis an gCoiste Stiúrtha.

Chuidigh an Coiste Eolais freisin leis an bhFoireann Díospóireachta comharthaí laga a shainaithint (e.g. easpa díospóireachta), saincheisteanna trasnaí agus caochspotaí laistigh de phlé na saoránach (mar shampla, forluití féideartha idir smaointe agus tionscnaimh AE atá ann cheana agus/nó réimsí nár ghá go raibh fianaise ag tacú leis an ngníomhaíocht a bhí beartaithe). Ina theannta sin, rinne siad seiceáil fíorais agus d'fhreagair siad ceisteanna na saoránach le linn na seisiún agus ina ndiaidh, le tacaíocht ó Lárionad Eolais agus Faisnéise a raibh saineolaithe eile ón gCoimisiún páirteach ann freisin. Thairis sin, thacaigh siad leis an bhFoireann Díospóireachta ina hiarracht aschuir na saoránach den chéad seisiún (maidir le bacainní ar shoghluaisteacht foghlama chuimsitheach) a bhraisliú ina bpríomhchatagóirí bacainní, bunaithe ar a n-eolas agus ar a dtaithí ar shoghluaisteacht foghlama.

Bhí an Coiste Eolais comhdhéanta de chúigear comhaltaí arna roghnú ag an gCoiste Stiúrtha, bunaithe ar na critéir seo a leanas: saineolas a chumhdaíonn réimse leathan réimsí eolais; aitheantas leathan dá bhfios gnó agus dá dtaithí sa réimse, i measc geallsealbhóirí agus piaraí araon; an cumas tuairimí éagsúla ar an ábhar a thuiscint, a aithint agus a chur in iúl, comhbhabhtálacha féideartha san áireamh; agus éagsúlacht i dtéarmaí inscne, náisiúntacht, agus cleamhnachtaí. Ina theannta sin, thug beirt ionadaithe ó Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr léargas ar bheartais an Aontais.

Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Eolais:

- Gina Ebner, an Comhlachas Eorpach um Oideachas a thabhairt d'Aosaigh;
- Mantas Pupinis, Stiúrthóir Comhpháirtíochta agus Taighde, PPMI, an Liotuáin;
- Juan Rayón González, Líonra Mac Léinn Erasmus (ESN);
- Mika Saarinen, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Erasmus+, an Fhionlainn;
- Beatriz Tourón Torrado, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Erasmus+, an Spáinn;
- Fabienne Metayer, Ceann Earnála, Aonad Comhordúcháin Erasmus+, Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr (comhalta rothlach);
- Giedrius Sudikas, Oifigeach Erasmus+, Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr (comhalta rothlach).

## 2.4. IONAD EOLAIS AGUS FAISNÉISE

Bunaíodh Ionad Eolais agus Faisnéise (IEF) chun freagra a thabhairt ar cheisteanna agus ar iarratais ar shoiléiriú a sheol saoránaigh le linn a bpléití. Áiríodh san Ionad Eolais agus Faisnéise saineolaithe ó Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, an ArdStiúrthóireacht um Fhostaíocht, um Ghnóthaí Sóisialta agus um Uilechuimsitheacht agus ón Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr, ar iarradh orthu freagraí a sholáthar ar a réimsí beartais faoi seach, mar aon le comhaltaí den Choiste Eolais agus saineolaithe eile. Le linn na dtrí sheisiún den phainéal, sholáthair an tIonad Eolais agus Faisnéise freagraí i scríbhinn ar cheisteanna a d'ardaigh na saoránaigh. Sa tríú seisiún, rinne comhaltaí an Ionaid Eolais agus Faisnéise idirghabhálacha gearra i dtrí mheitheal chun na saincheisteanna a bhí fós gan réiteach a shoiléiriú sular chomhdhlúthaigh na saoránaigh a moltaí deiridh.

## 2.5. CAINTEOIRÍ

Chomh maith le comhaltaí an Choiste Eolais, iarradh ar roinnt páirtithe leasmhara agus saineolaithe a gcuid saineolais agus taithí maidir le soghluaisteacht foghlama a roinnt agus ceisteanna na saoránach a fhreagairt. Chuir na cainteoirí na hearnálacha éagsúla den tsoghluaisteacht foghlama i láthair (soghluaisteacht scoile, soghluaisteacht na hóige, soghluaisteacht na mac léinn, gairmoideachas agus gairmoiliúint agus soghluaisteacht do dhaoine fásta). Sholáthair siad faisnéis faoi na cláir shoghluaisteachta atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, faoi na dúshláin atá roimh ghrúpaí éagsúla maidir le rochtain a fháil ar shoghluaisteacht foghlama agus faoi bhearta a d'fhéadfadh a bheith ann chun rochtain ar shoghluaisteacht foghlama a fheabhsú, ar leibhéal an Bhallstáit agus ar leibhéal an Aontais araon. Chuir siad comhbhabhtálacha idir na bearta sin i dtábhacht freisin agus sholáthair siad aiseolas do shaoránaigh maidir lena gcuid oibre. Rinne an Coiste Eolais deimhin de go raibh an t-eolas a cuireadh i láthair do na saoránaigh cothrom, leordhóthanach agus ionadaíoch a dhóthain ar phríomhsheasaimh lucht ceaptha beartas agus páirtithe leasmhara san Aontas. Taispeántar na cainteoirí i dTábla 2.



## Tábla 2: Liosta na gcainteoirí le linn na dtrí sheisiún

| | |
|---|---|
| **SEISIÚN 1** | |
| **An Coimisiún Eorpach** | **Mariya Gabriel**, an Coimisinéir um Nuálaíocht, um Thaighde, um Chultúr, um Oideachas agus um an Óige (go dtí Bealtaine 2023) |
| | **Pia Ahrenkilde Hansen**, Ard-Stiúrthóir, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide |
| | **Richard Kühnel**, Stiúrthóir, Ionadaíocht & Cumarsáid sna Ballstáit, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide |
| | **Ute Haller-Block**, Ceann Aonaid, Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr |
| | **Jutta König-Georgiades,** An tAonad um Idirphlé leis na Saoránaigh, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide |
| **Saineolaithe seachtracha** | **Gina Ebner,** Ard-Rúnaí, an Comhlachas Eorpach um Oideachas a thabhairt d'Aosaigh |
| | **Ismael Páez Civico**, Fóram Eorpach na hÓige |
| | **Juan Rayón González**, Uachtarán, Líonra Mac Léinn Erasmus |
| | **Mika Saarinen**, Stiúrthóir, Gníomhaireacht Náisiúnta na Fionlainne le haghaidh Erasmus+ (EDUFI) |
| | **Beatriz Tourón Torrado**, Comhairleoir Oideachais, Gníomhaireacht Náisiúnta na Spáinne um Erasmus+ (SEPIE) |
| **SEISIÚN 2** | |
| **An Coimisiún Eorpach** | **Sophia Eriksson Waterschoot**, Stiúrthóir um an Óige, Oideachas agus Erasmus+, Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr |
| | **Ute Haller-Block**, Ceann Aonaid, Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr |
| **Bloc trasnaí** | **Mantas Pupinis**, Stiúrthóir Taighde ag PPMI agus Bainisteoir Tionscadail an 'Staidéir ar thacú le soghluaisteacht foghlama: dul chun cinn, bacainní agus an bealach ar aghaidh', ar staidéar leanúnach é |
| | **Mika Saarinen,** Stiúrthóir, Gníomhaireacht Náisiúnta na Fionlainne le haghaidh Erasmus+ (EDUFI) |
| **Bloc topaicí 1: Dúshláin, constaicí agus aincheisteanna aonair agus ó thaobh dearcaidh de a shárú** | **Gregorio Blanco Martin**, Ceann Roinn an Bhéarla agus Comhordaitheoir Erasmus, IES Gabriel Alonso de Herrera |
| | **Irina Ferencz**, Stiúrthóir, An Comhlachas um Chomhar Acadúil |
| | **Wim Gabriels**, Stiúrthóir agus comhordaitheoir an Chuimsithe Shóisialta agus na Rannpháirtíochta sa tSoghluaisteacht, Líonra Mac Léinn Erasmus |
| | **Christoph van Mol**, Ollamh Cúnta, Ollscoil Tilburg |
| **Bloc topaicí 2: Dúshláin, constaicí agus aincheisteanna comhthéacsúla agus comhshaoil a shárú** | **Gina Ebner**, Ard-Rúnaí, an Comhlachas Eorpach um Oideachas a thabhairt d'Aosaigh |
| | **Ewa Krzaklewska**, Ollamh Cúnta, Ollscoil Jagiellon |
| | **Ruben Sansom**, Comhordaitheoir na Soghluaisteachta Glaine, Generation Climate Europe |
| | **Brikena Xhomaqi**, Stiúrthóir, Lifelong Learning Platform |
| **Bloc topaicí 3: Dúshláin, constaicí agus aincheisteanna institiúideacha agus beartais a shárú** | **Vito Borelli**, Ceannaire Foirne, Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr |
| | **Audrey Firth**, Stiúrthóir, Eurodesk Brussels Link |
| | **Søren Kristensen**, Sainchomhairleoir, Techne |
| | **Chiara Riondino**, Ceann Aonaid, Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú |

| SEISIÚN 3 | |
|---|---|
| **An Coimisiún Eorpach** | **Nicolas Schmit**, an Coimisinéir um Poist agus um Chearta Sóisialta |
| | **Sophia Eriksson Waterschoot**, Stiúrthóir um an Óige, Oideachas agus Erasmus+, Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr |
| | **Colin Scicluna**, Ceann *Cabinet* an Leas-Uachtaráin Dubravka Šuica |
| | **Ute Haller-Block**, Ceann Aonaid, Aonad Comhordúcháin Erasmus+, Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr |
| | **Fabienne Metayer**, Ceann Earnála, Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr |
| **Saineolaithe seachtracha** | **Marta Gutierrez Benet**, Ceann Earnála, Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr |
| | **Kostis Giannidis**, iar-Uachtarán, Líonra Mac Léinn Erasmus |
| | **Juliette Ibarrondo Lasa**, an Chónaidhm Eorpach um Fhoghlaim Idirchultúrtha |
| | **Davide Muraro**, an Comhlachas Eorpach um Oideachas a thabhairt d'Aosaigh |
| | **Mantas Pupinis**, Stiúrthóir Taighde ag PPMI agus Bainisteoir Tionscadail an 'Staidéir ar thacú le soghluaisteacht foghlama: dul chun cinn, bacainní agus an bealach ar aghaidh', ar staidéar leanúnach é |
| | **Mika Saarinen,** Stiúrthóir, Gníomhaireacht Náisiúnta na Fionlainne le haghaidh Erasmus+ (EDUFI) |
| | **Beatriz Tourón Torrado**, Comhairleoir Oideachais, Gníomhaireacht Náisiúnta na Spáinne um Erasmus+ (SEPIE) |

## 2.6. PRÍOMH-MHODHNÓIRÍ

Threoraigh beirt phríomh-mhodhnóirí na saoránaigh trí na trí sheisiún agus stiúir siad an plé sa seisiún iomlánach. Sholáthair siad faisnéis maidir le sprioc ghinearálta an phainéil agus modheolaíocht na seisiún aonair, mar aon le gnéithe eagrúcháin. D'éascaigh na príomh–mhodhnóirí díospóireachtaí idir na cainteoirí saineolacha freisin, d'áirithigh siad gur soláthraíodh eolas go cothrom agus go neamhchlaonta le linn an phlé agus d'éascaigh siad ceisteanna agus freagraí idir saineolaithe agus saoránaigh. Ina theannta sin, thug na príomh-mhodhnóirí na torthaí uile le chéile i seisiúin iomlánacha deiridh gach seisiúin. Ba iad seo a leanas na príomh–mhodhnóirí:

- Camille Dobler (Missions Publiques),
- Malte Frøslee Ibsen (Fondúireacht Bhord Teicneolaíochta na Danmhairge).



## 2.7. ÉASCAITHEOIRÍ

D'oibrigh saoránaigh in 12 mheitheal, d'éascaigh beirt chomhaltaí ón bhFoireann Díospóireachta iad agus thug siad cúnamh dóibh: éascaitheoir amháin a raibh taithí aige/aici agus cúntóir amháin. Ba é dualgas na n-éascaitheoirí ná an plé sna meithleacha a stiúradh agus sreabhadh oibre rianúil a chumasú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- atmaisféar cairdiúil agus comh-mheasúil a shocrú chun rannchuidiú cothrom ó na rannpháirtithe uile a chur chun cinn;
- cinnte a dhéanamh de gur cuireadh gach saoránach ar an eolas faoin bpróiseas foriomlán agus treoir a thabhairt do shaoránaigh in obair an ghrúpa;
- cinnte a dhéanamh de gur baineadh amach cuspóirí sheisiúin na meithle, i.e. sainaithint coinbhleachtaí agus easaontais idir na saoránaigh a éascú agus díospóireacht agus comhthoil idir na saoránaigh a chur chun cinn;
- coimeád ama, nótaí a ghlacadh agus na pléití a chomhdhlúthú i ndoiciméid oibre ilteangacha agus idirnasctha;
- iarrataí a rinne na saoránaigh sna meithleacha a nascadh leis an bhfoireann tacaíochta nó le saineolaithe, mar shampla, trí bharúlacha nó ceisteanna a bhí ar feitheamh a bhailiú;
- páirt a ghlacadh i seisiúin faisnéisithe leis an bhFoireann Díospóireachta.

Bhí na héascaitheoirí fostaithe ag ifok, Missions Publiques nó Fondúireacht Bhord Teicneolaíochta na Danmhairge. Le linn an phlé sna meithleacha, thacaigh cúntóirí éascaithe leo, agus ba mhic léinn agus oiliúnaithe a bhí lonnaithe sa Bhruiséil a bhformhór. Chloígh na héascaitheoirí agus na cúntóirí uile leis na treoracha coitianta a cuireadh ar fáil i dtreoir maidir le héascú agus i ndoiciméad maidir le feidhmiú céimneach (ceann amháin in aghaidh an tseisiúin). Ghlac siad páirt in dhá chruinniú thiomnaithe faisnéise agus oiliúna roimh gach seisiún.



## 2.8. BREATHNÓIRÍ

Ceadaíodh do líon teoranta breathnóirí obair an phainéil a leanúint. Ba é an aidhm a bhí leis sin trédhearcacht agus infheictheacht a chur ar fáil don fhormáid dhaonlathach nuálach sin agus, ag an am céanna, spás sábháilte a chaomhnú do shaoránaigh rannpháirteacha, rud atá ríthábhachtach do thimpeallacht iontaofa díospóireachta. Ceadaíodh do bhreathnóirí a bheith i láthair agus an plé a leanúint sna seisiúin iomlánacha agus sna meithleacha. Ba é triúr an t-uaslíon breathnóirí a ceadaíodh do gach meitheal.

Tháinig cuid de na breathnóirí inmheánacha freisin ó na comhpháirtithe agus na hinstitiúidí a bhí ina n-eagraithe (e.g. foireann inmheánach ón Ardrúnaíocht, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, um Ghnóthaí Sóisialta agus um Uilechuimsitheacht agus Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr). I measc na mbreathnóirí seachtracha bhí taighdeoirí (ó ollscoileanna nó ó mheithleacha machnaimh), páirtithe leasmhara na sochaí sibhialta, ionadaithe na meán agus páirtithe leasmhara eile. Le toiliú na saoránach lena mbaineann, d’fhéadfadh breathnóirí seachtracha agallaimh a dhéanamh leo chun críocha taighde amháin, mura gcuirfeadh sé bac ar imeachtaí na bpainéal.




European Citizens' Panel
learning
mobility
Have Your Say


learning mobility



# 3. Creat modheolaíochta agus seisiúin aonair





## 3.1. CREAT MODHEOLAÍOCHTA

Trí sheisiún a bhí sa phainéal, a raibh spriocanna éagsúla acu.

- Sa chéad seisiún (ar an láthair sa Bhruiséil), cuireadh na rannpháirtithe ar an eolas maidir leis an tsaincheist faoi chaibidil agus bhí siad in ann aithne a chur ar a chéile agus muintearas agus muinín a chothú eatarthu féin. Fuair siad ionchur tosaigh ó shaineolaithe agus iarradh orthu ansin spriocghrúpaí a shainaithint le haghaidh soghluaisteacht foghlama. Ina dhiaidh sin, bhailigh siad agus chuir siad in ord tosaíochta dúshláin agus constaicí maidir le rochtain a fháil ar shoghluaisteacht foghlama le cuidiú ó chleachtadh forbartha pearsanta, ar mhodh smaointeoireachta deartha coiteann é. I bhfocail eile, iarradh orthu 'iad féin a chur in áit daoine eile' trí charachtair fhicseanúla éagsúla a chruthú a bheadh ar nós saoránaigh tipiciúla nó neamhthipiciúla den Aontas Eorpach mar aon le cur síos a dhéanamh orthu, agus machnamh a dhéanamh ar na deiseanna agus na constaicí a d'fhéadfadh a bheith rompu maidir le soghluaisteacht foghlama.
- Reáchtáladh an dara seisiún ar líne agus dhírigh sé ar thuiscint níos doimhne ar an tsaincheist. Ba é príomhchuspóir an tseisiúin malartú smaointe agus peirspictíochtaí a spreagadh i measc na rannpháirtithe, réimsí comhdhearcaidh agus easaontais a shainaithint, agus na chéad smaointe a cheapadh le haghaidh moltaí i dtrí bhloc ábhar ar leith.
- Bhí an tríú seisiún agus an seisiún deiridh (ar an láthair sa Bhruiséil) tiomanta do mhúnlú na moltaí bunaithe ar na smaointe agus na léargais a fuarthas sa chéad dá sheisiún, agus thacaigh tuairimí saineolaithe eile leis. Áirithíodh sa tríú seisiún go ndearna an painéal moltaí coincréiteacha a d'fhéadfaí a thabhairt ar láimh don Choimisiún agus a roinnt leis na páirtithe leasmhara ábhartha.

### Fíor 2: Sreabhadh modheolaíochta foriomlán an Phainéil Saoránach Eorpach maidir le Soghluaisteacht Foghlama




Le linn an phainéil, bhí neart ama ann chun grúpaí a thógáil agus chun comhphlé a dhéanamh, le linn seisiúin iomlánacha agus obair ghrúpa araon. Dearadh struchtúr na seisiún chun idirghníomhaíocht i measc na rannpháirtithe a spreagadh agus chun a chinntiú gur tugadh cluas do gach tuairim. Ós rud é go raibh an painéal ar siúl i suíomh ilteangach, bhí saoránaigh in ann labhairt ina máthairtheanga i gcónaí agus éascaíodh é seo trí ateangaireacht. Cuimsíodh meithleacha ar bhealach a d'fhág go raibh éagsúlacht gheografach leordhóthanach ann, le meascán de thíortha móra agus de thíortha beaga agus cúig theanga éagsúla ar a mhéad a cuireadh le chéile. Bhí an deis ag éascaitheoirí an plé a stiúradh ina dteanga dhúchais nó i mBéarla.

# 3.2. SEISIÚN 1: PRÓISEAS AGUS ASCHUIR

Bhí an chéad seisiún ar siúl idir an 3-5 Márta 2023 sa Bhruiséil agus chuir sé i láthair ábhar agus comhthéacs an phainéil. Chuir saoránaigh aithne ar a chéile agus d'fhoghlaim siad faoi rialacha maidir le pléití cuiditheacha. Ansin, d'fhorbair siad tuiscint ar na spriocghrúpaí le haghaidh soghluaisteacht foghlama mhéadaithe san Eoraip agus ar na dúshláin atá ann maidir leis an sprioc sin a bhaint amach. Chuidigh ionadaithe ón gCoimisiún agus cainteoirí seachtracha le saoránaigh tuiscint níos fearr a fháil ar na cláir atá ann cheana agus ar roinnt de na dúshláin a bhaineann le deiseanna soghluaisteachta foghlama a thabhairt ar an bhfód do chách. Ba é aidhm an chéad seisiúin eispéiris phearsanta le soghluaisteacht foghlama a roinnt agus a mhapáil, spriocghrúpaí a shainiú agus bacainní ar ghníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama a shainaithint, ar bacainní iad a mheas na saoránaigh a bheith ábhartha le haghaidh tuilleadh plé sna seisiúin atá le teacht.

## Lá 1 (Dé hAoine an 3 Márta)

Ar an gcéad lá, chuir na príomh-mhodhnóirí agus beirt ionadaithe ón gCoimisiún fáilte roimh na saoránaigh: **Mariya Gabriel** (an tráth sin Coimisinéir um Nuálaíocht, Taighde, Cultúr, Oideachas agus um an Óige, agus **Pia Ahrenkilde Hansen** (Ard-Stiúrthóir, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide). Chuir siad i dtábhacht a thábhachtaí atá an painéal agus chuir siad i láthair físeanna an Aontais le haghaidh earnáil an oideachais agus na hoiliúna. Ina dhiaidh sin, chuaigh na príomh-mhodhnóirí trí chlár oibre Sheisiún 1 leis na saoránaigh chomh maith leis na seisiúin ina dhiaidh sin. Tar éis roinnt cluichí chun leac an doichill a bhriseadh, chuir **Jutta König-Georgiades** (Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide) comhlachtaí an Aontais agus an próiseas cinnteoireachta agus reachtacha i láthair go hachomair. Ansin, chuir **Ute Haller-Block** (Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr) ábhar an phainéil i láthair go mion. Rinneadh tuilleadh scrúdaithe ar an tsoghluaisteacht foghlama ó thaobh eispéiris na saoránach féin maidir le foghlaim agus oiliúint sa bhaile agus ar an gcoigríoch, mar aon leis na 'deiseanna caillte' ó thaobh na soghluaisteachta foghlama de. Rinne comhaltaí an Choiste Eolais barúil agus leathnú ar eispéiris aonair, agus, an tráth céanna, chuir siad tuairimí níos ginearálta ar fáil maidir leis na cineálacha éagsúla soghluaisteachta foghlama: an tsoghluaisteacht scoile, soghluaisteacht óige, gairmoideachas agus gairmoiliúint ar an gcoigríoch, soghluaisteacht aosach agus soghluaisteacht mac léinn.




Mariya Gabriel welcoming the citizens.

## Lá 2 (Dé Sathairn an 4 Márta)

Ar an dara lá, d'oibrigh saoránaigh i 12 mheitheal chomhthreomhara a ndearna éascaitheoirí a raibh taithí acu ateangaireacht agus éascú orthu go comhuaineach. Chruthaigh na grúpaí an t-ábhar a chuir siad le chéile i scarbhileoga ilteangacha a bhí idirnasctha le grúpaí eile. Roinn na saoránaigh an taithí a fuarthas roimhe seo agus an taithí reatha ar an tsoghluaisteacht foghlama ar dtús agus rinne siad machnamh ar shainmhíniú agus ar chineálacha éagsúla soghluaisteachta foghlama. Ina dhiaidh sin, phléigh na saoránaigh spriocghrúpaí le haghaidh soghluaisteacht foghlama agus d'fhorbair siad pearsantachtaí, ag díriú ar charachtair a d'fhéadfadh an tairbhe is mó a bhaint as soghluaisteacht foghlama mhéadaithe. D'fhorbair gach grúpa 2–6 phearsantacht mar ionadaí ar na spriocghrúpaí sin. Baineadh úsáid as na pearsantachtaí chun dúshláin agus constaicí a chumadh do phríomh-spriocghrúpaí. Labhair na grúpaí freisin faoi threochtaí amach anseo agus faoi fhorbairtí sochaíocha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shoghluaisteacht foghlama. Thairis sin, thosaigh siad ag plé réitigh inmharthana agus cumasóirí. I rith an lae, bhí an deis ag saoránaigh ceisteanna a chur ar shaineolaithe san Lárionad Eolais agus Faisnéise. Tar éis do na saoránaigh a gcuid oibre a chríochnú Dé Sathairn, rinne comhaltaí an Choiste Eolais agus saineolaithe eile ar an láthair, in éineacht le comhaltaí den Fhoireann Díospóireachta, an t-iomlán de 54 phearsantacht a forbraíodh sna meithleacha a bhraisliú, rud a d'fhág go raibh 12 bhraisle ar leith de phearsantachtaí ag teacht chun cinn.



## Lá 3 (Dé Domhnaigh an 5 Márta)

Ar an tríú lá, fuair gach grúpa rannpháirtithe braisle amháin de phearsantachtaí (bhí 2–7 bpearsantacht ann in aghaidh na braisle). Bhí pictiúr próifíle ag gach pearsantacht a ghin clár intleachta saorga (IS) DALL-E, a bhí bunaithe ar na tuairiscí déimeagrafacha a rinne na grúpaí. Ba í an chéim dheireanach sna meithleacha achoimriú agus sainaithint a dhéanamh ar dhúshláin agus ar chonstaicí trasnaí don ghrúpa faoi seach pearsantachtaí a bhí faoi bhreathnóireacht. D'ullmhaigh na saoránaigh iad féin freisin do Sheisiún 2 agus bhailigh siad ceisteanna agus ábhar ionchuir a bheadh riachtanach don chéad seisiún eile. Le linn an tseisiúin iomlánaigh chlabhsúir, chuir urlabhraithe ón 12 mheitheal i láthair na príomhbhacainní ar shoghluaisteacht foghlama, agus rinne an t-urlabhraí agus na príomh-mhodhnóirí iad a bhraisliú ar chlár ina dhiaidh sin. Tar éis na gcur i láthair, thug na saineolaithe freagairtí agus barúlacha maidir le hobair an phainéil. Thug **Richard Kühnel** (Stiúrthóir Ionadaíochta & Cumarsáide sna Ballstáit, an Coimisiún Eorpach) focal scoir agus d'fhág sé slán le cách.



Tá clár oibre foirmiúil an chéad seisiúin le feiceáil thíos.

| **Dé hAoine (3.3)** | **SEISIÚN IOMLÁNACH** |
|---|---|
| 14:30–15:00 | Focail fháiltithe agus óráidí tosaigh ó:<br>— **Mariya Gabriel**, an Coimisinéir um Nuálaíocht, Taighde, Cultúr, Oideachas agus um an Óige.<br>— **Pia Ahrenkilde Hansen**, Ard-Stiúrthóir, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide |
| 15:00–15:40 | **Tús eolais maidir leis an bPainéal Saoránach: cén fáth a bhfuil muid anseo?** |
| 15:40–15:55 | Grianghraf den ghrúpa |
| 15:55–16:15 | **Cur i láthair ar thopaic I an phainéil** (machnamh a dhéanamh ar do thaithí féin) |
| 16:15–16:45 | Sos caife |
| 16:45–18:30 | **Cur i láthair ar thopaic II an phainéil** (taithí a roinnt agus plé painéil) |
| **Dé Sathairn (4.3)** | **MEITHLEACHA** |
| 9:30–11:00 | **Aithne a chur ar a chéile maidir le: luachanna agus taithí na soghluaisteachta foghlama** |
| 11:00–11:30 | Sos caife |
| 11:30–13:00 | **An tsoghluaisteacht foghlama do chách: spriocghrúpaí a shainaithint** |
| 13:00–14:30 | Sos lóin |
| 14:30–16:15 | **Na dúshláin agus na constaicí atá ann faoi láthair a shainaithint** |
| 16:15–16:45 | Sos caife |
| 16:45–18:00 | **Treochtaí sa todhchaí a fhiosrú** |
| **Dé Domhnaigh (5.3)** | **MEITHLEACHA AGUS SEISIÚN IOMLÁNACH** |
| 9:30–11:00 | **Meithleacha: ullmhú don seisiún iomlánach agus ceisteanna a bhailiú** |
| 11:00–12:00 | Sos caife agus aistriú na ngrúpaí chuig seomraí cruinnithe |
| 12:00–13.20 | **Seisiún Iomlánach: Cuir i láthair ó na grúpaí, freagairtí agus plé ar na ceisteanna agus freagraí** |
| 13:20–13:40 | **Clabhsúr agus faisnéis faoi na chéad seisiúin eile** |

# 3.3. SEISIÚN 2: PRÓISEAS AGUS ASCHUIR

Tionóladh an dara seisiún den phainéal ar líne idir an 24–26 Márta 2023. Ba é b'aidhm leis go gcuirfeadh na saoránaigh réitigh in iúl chun na dúshláin agus na bacainní a sainaithníodh i Seisiún 1 a shárú agus moltaí a dhréachtú chun soghluaisteacht foghlama a dhéanamh níos ionchuimsithí. Chun obair an tseisiúin a struchtúrú, rinne an Coiste Eolais na 36 dhúshlán agus chonstaic ar an tsoghluaisteacht foghlama a bailíodh sa chéad seisiún a bhraisliú i dtrí 'bhloc topaicí'.

- → **Bloc topaicí 1.**Dúshláin, constaicí agus aincheisteanna **aonair agus dearcaidh** a shárú (bacainní pearsanta, síceolaíocha, agus cinnteoireachta).
- → **Bloc topaicí 2.** Dúshláin, constaicí agus aincheisteanna **comhthéacsúla agus comhshaoil** a shárú (bacainní cultúrtha, sóisialta agus teanga).
- → **Bloc topaicí 3.** Dúshláin, constaicí agus aincheisteanna **institiúideacha agus beartais** a shárú (rochtain ar eolas, bacainní eacnamaíocha agus airgeadais).

Chuige sin, chuir oifigigh de chuid an Choimisiún agus cainteoirí seachtracha éagsúla tuairimí faoi bhráid na saoránach maidir leis na constaicí sin agus chuir siad réitigh i láthair lena bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu, agus aird ar leith á tabhairt ar na fadhbanna agus ar na comhbhabhtálacha atá i gceist leo. Tar éis próiseas atriallach 'athbhreithniú piaraí' ina ndearna saoránaigh sa 12 mheitheal athbhreithniú ar obair a chéile, chuir siad 45 dhréachtmholadh ar aghaidh.

## Lá 1 (Dé hAoine an 24 Márta 2023)

Ar lá 1, chuir na príomh-mhodhnóirí agus **Sophia Eriksson Waterschoot** (Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr) fáilte roimh na saoránaigh chuig an seisiún ar líne. Ina dhiaidh sin, rinne **Ute Haller-Block** (Ard-Stiúrthóireacht um Oideachais, an Óige, Spórt agus Cultúr) machnamh ar aschuir Sheisiún 1 agus shonraigh sí ionchais an Choimisiúin maidir leis an bpainéal. Iarradh ansin ar **Mantas Pupinis** (PPMI) míniú a thabhairt ar an gcaoi a rinne an Coiste Eolais torthaí na saoránach ó Sheisiún 1 a bhraisliú i dtrí bhloc topaicí. Thug sé forbhreathnú tosaigh ar aincheisteanna agus ar chomhbhabhtálacha is bun leis na dúshláin sin, mar a shainaithin an Coiste Eolais. Chun an chéad bhabhta ionchuir sin a chomhlánú, sholáthair **Mika Saarinen** (EDUFI) faisnéis do shaoránaigh faoin gclár Erasmus+ agus faoi chláir soghluaisteachta foghlama eile atá ann cheana chun obair an phainéil a chur i gcomhthéacs. Sna trí phlé painéil ina dhiaidh sin, thug ceathrar cainteoirí tuilleadh sonraí i dtaobh na mbloc topaicí, ag soláthar dearcthaí éagsúla agus forbhreathnú ar réitigh, ar aincheisteanna agus ar cheisteanna féideartha ina mbloc topaicí faoi seach. Ag deireadh gach plé painéil, bhí deis ag na saoránaigh ceisteanna a chur. Ar deireadh, leag na príomh-mhodhnóirí amach an clár ama don deireadh seachtaine agus mheabhraigh siad cuspóir uileghabhálach an phainéil.




## Lá 2 (Dé Sathairn an 25 Márta 2023)

Ar lá 2, d'oibrigh na saoránaigh go comhthreomhar i 12 mheitheal a ndearna éascaitheoirí a raibh taithí acu ateangaireacht agus éascú orthu go comhuaineach. Rinne breacairí nótaí doiciméadú ar an bpróiseas i scarbhileoga ilteangacha, rud a fhág gurbh fhéidir le rannpháirtithe an t-ábhar a táirgeadh ina ngrúpa a leanúint ina dteangacha dúchais. Is éard a rinne na meithleacha ar fad i dtús an lae an chéad bhloc topaicí a chíoradh, agus ar an gcaoi sin sháraigh siad constaicí síceolaíocha agus dearcaidh. Tháinig siad ar chomhaontú maidir le gnéithe cothrománacha a bheadh le coinneáil i gcuimhne agus moltaí á ndréachtú lena ndíreofaí ar dhúshláin chomhthéacsúla (Bloc topaicí 2) agus dúshláin institiúideacha agus bheartais (Bloc topaicí 3) a shárú. Ina dhiaidh sin, thug gach meitheal suas le dhá dhréachtmholadh le haghaidh gach ceann den dá bhloc topaicí. San iarnóin, sheol gach meitheal ambasadóir amháin chuig meitheal eile chun a gcuid dréachtmholtaí a chur i láthair agus chun aiseolas a fháil. I rith an lae, bhí an deis ag saoránaigh ceisteanna a chur ar shaineolaithe san Lárionad Eolais agus Faisnéise. Tugadh freagraí iarnóin Dé Sathairn nó maidin Dé Domhnaigh.

## Lá 3 (Dé Domhnaigh an 26 Márta 2023)

Maidin Dé Domhnaigh, rinne na saoránaigh sna meithleacha an t-aiseolas a fuarthas ó na grúpaí eile agus, i gcás inarb infheidhme, freagraí na saineolaithe, a chomhtháthú. Mar thoradh air sin, dhréachtaigh na 12 mheitheal 45 mholadh san iomlán. Don seisiún iomlánach deiridh, roghnaigh gach meitheal urlabhraí amháin. Chuir gach urlabhraí dhá cheann de mholtaí a mheithle i láthair an phainéil ar fad. Tar éis na gcur i láthair sin, fuair saoránaigh aiseolas maidir lena smaointe ó **Mika Saarinen** (EDUFI) agus **Ute Haller-Block** (Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr). Ina dhiaidh sin, bhí deis ag na saoránaigh ceisteanna a chur ar an mbeirt chainteoirí sin agus a n-aiseolas féin a roinnt ar an seisiún reatha, agus tacaíodh leis an méid sin le trí cheist ar Slido freisin. Ar deireadh, fuair na saoránaigh forbhreathnú ar an seisiún deiridh agus ar na chéad chéimeanna eile.

Tá clár oibre iomlán an tseisiúin le feiceáil thíos.

| **Dé hAoine (24.3)** | **SEISIÚN IOMLÁNACH** |
|---|---|
| 14:30–14:50 | **Fáilte, cur i láthair na dtorthaí ó Sheisiún 1 agus clár oibre Sheisiún 2** |
| 14:50–15.35 | **Imeacht ó na constaicí go dtagaimis ar réitigh i dtaca leis an tsoghluaisteacht foghlama do chách**<br>Cainteoirí ón gCoimisiún agus ón gCoiste Eolais |
| 15:35–15:55 | Sos |
| 15:55–16:40 | **Bloc topaicí 1: Bacainní pearsanta agus síceolaíocha a shárú**<br>Agallaimh le saineolaithe agus ceisteanna agus freagraí |
| 16:40–17:20 | **Bloc topaicí 2: Bacainní cultúrtha, sóisialta agus teanga a shárú**<br>Agallaimh le saineolaithe agus ceisteanna agus freagraí |
| 17:20–17:40 | Sos |
| 17:40–18:20 | **Bloc topaicí 3: Bacainní a bhaineann le faisnéis, eacnamaíocht agus airgeadas a shárú**<br>Agallaimh le saineolaithe agus ceisteanna agus freagraí |
| 18:20–18:30 | **Na chéad chéimeanna eile agus focal scoir** |
| **Dé Sathairn (25.3)** | **MEITHLEACHA** |
| 9:30–9:45 | **Tógáil na ngrúpaí/leac an doichill a bhriseadh** |
| 9:45–11:00 | **Sliotán 1: Obair ghrúpa ar dhréachtmholtaí** (Bloc topaicí 1) |
| 11:00–11:30 | Sos |
| 11:30–13:00 | **Sliotán 2: Obair ghrúpa ar dhréachtmholtaí** (Bloic topaicí 2 agus 3) |
| 13:00–14:30 | Sos lóin |
| 14:30–16:00 | **Sliotán 3: Obair ghrúpa ar dhréachtmholtaí** (Bloic topaicí 2 agus 3) |
| 16:00–16:30 | Sos |
| 16:30–18:00 | **Sliotán 4: Aiseolas idir grúpaí** |
| **Dé Domhnaigh (26.3)** | **MEITHEAL** |
| 9:30–11:15 | **Sliotán 5: Dréachtmholtaí a chomhdhlúthú** |
| 11:15–11:30 | Sos |
| | **Seisiún Iomlánach** |
| 11:30–12:40 | **Cuir i láthair ó na grúpaí agus aiseolas** |
| 12:40–12:55 | Sos |
| 12:55–13:20 | **Freagairtí ó shaineolaithe maidir leis an obair a rinneadh i Seisiún 2, idirghníomhaíocht agus ceisteanna agus freagraí** |
| 13:20–13:30 | **Clabhsúr agus focal scoir** |

## 3.4. SEISIÚN 3: PRÓISEAS AGUS ASCHUIR

Roimh an tríú seisiún, rinneadh 45 dhréachtmholadh na saoránach a bhraisliú bunaithe ar thopaicí comhchosúla (e.g. foghlaim teangacha, faisnéis agus feasacht, cuideachtaí agus fostaithe a spreagadh) agus sannadh iad don 12 mheitheal. An tráth céanna, soláthraíodh aiseolas i scríbhinn ó shaineolaithe agus ó dhaoine acmhainne maidir le gach moladh. Le linn an tríú seisiún agus an seisiún deiridh, rinne na saoránaigh an t-aiseolas ó shaineolaithe agus ó mheithleacha eile a chomhtháthú, rinne siad smaointe comhchosúla a chumasc agus thug siad na moltaí chun críche. Chun an seisiún a thabhairt chun críche, chuir na saoránaigh in iúl a mhéid a aontaíonn siad le gach moladh i nós imeachta measúnaithe deiridh sa seisiún iomlánach.

### Lá 1 (Dé hAoine an 28 Aibreán 2023)



Ar an gcéad lá den seisiún deiridh sin, chuir na príomh-mhodhnóirí, **Nicolas Schmit** (an Coimisinéir um Poist agus um Chearta Sóisialta) agus **Sophia Eriksson Waterschoot** (Ard-Stiúrthóireacht um Oideachais, an Óige, Spórt agus Cultúr) fáilte roimh na saoránaigh uile ar ais chuig an bpainéal. Tar éis na n-óráidí fáilteacha, sholáthar **Mantas Pupinis** (PPMI) léargas ar obair an Choiste Eolais idir an dara agus an tríú seisiún. Le linn an tsosa ina dhiaidh sin, iarradh ar shaoránaigh tús áite a thabhairt d'earnálacha na soghluaisteachta foghlama agus d'ábhair bheartais a phléigh an painéal. Rinne siad amhlaidh trí chleachtadh 'barrachairteacha beo', inar dháil siad 'aonaid bhuiséid' idir 13 chatagóir inar léirigh siad na réimsí soghluaisteachta foghlama ar cheart dóibh níos mó cistiúcháin a fháil. Tar éis an tsosa, roinneadh na saoránaigh ina dhá fho-sheisiún iomlánacha. I ngach fo-sheisiún iomlánach, fuair na meithleacha aiseolas ó cheathrar saineolaithe maidir leis na dréachtmholtaí a sannadh dóibh. Ina n-ionchur, chuir na saineolaithe i dtábhacht bealaí chun dréachtmholtaí na saoránach a fheabhsú agus d'fhreagair siad ceisteanna na saoránach. Ag deireadh an lae, bhailigh saoránaigh sa seisiún iomlánach arís chun achoimre a dhéanamh ar na príomhphointí a tháinig chun cinn sna fo-sheisiúin iomlánacha agus chun plé a dhéanamh ar thorthaí chleachtadh na mbarrachairteacha beo, mar bhonn d'obair ghrúpa ar an Satharn. Léiríodh go soiléir sa chleachtadh an tábhacht bhunúsach a bhaineann le cur chun cinn teanga agus soghluaisteacht daoine fásta do shaoránaigh.

## Lá 2 (Dé Sathairn an 29 Aibreán)

Ar lá 2, roinneadh na saoránaigh sna meithleacha céanna inar roinneadh iad sa dá sheisiún roimhe sin. Díreach mar a bhí roimhe seo, d'éascaigh modhnóirí a raibh taithí acu plé i meithleacha agus cumasaíodh iad le hateangaireacht chomhuaineach. I rith an lae, d'oibrigh gach meitheal ar roinnt dréachtmholtaí a ceapadh sa dara seisiún agus a sannadh dóibh. Iarradh orthu moltaí comhchosúla a chumasc agus aiseolas ó shaineolaithe a chomhtháthú chun moltaí ábhartha a fhorbairt. Chun tacú leis an bpróiseas sin, thug saoránaigh eile cuairt ar gach grúpa chun léargas a fháil ar na moltaí a dhréachtaigh grúpaí eile. Ina theannta sin, thug saineolaithe cuairt ar na meithleacha san iarnóin, agus mheas na meithleacha sin go raibh gá le ceisteanna a fhreagairt nó le haon amhras a chuirfeadh bac ar thabhairt chun críche na moltaí a réiteach. Ag druidim le deiridh an lae, bhí ról ríthábhachtach ag éascaitheoirí maidir lena chinntiú gur tugadh na moltaí chun críche agus gur thacaigh comhdhearcadh leathan ina ngrúpa leo.





## Lá 3 (Dé Domhnaigh an 30 Aibreán)




Sa seisiún iomlánach deiridh, chuir ionadaithe na meithle na **21 mholadh ar cuireadh bailchríoch orthu ar an Satharn i láthair** agus vótáil saoránaigh uile an phainéil orthu ina dhiaidh sin. Rinneadh an nós imeachta vótála a dheighilt i dtrí chéim, agus an patrún céanna á leanúint ag gach ceann acu. Ar an gcéad dul síos, léigh ceathrar cainteoirí grúpa a gcuid moltaí os ard, thug siad údar lena n-ábharthacht agus d'fhreagair siad ceisteanna eile ó na saoránaigh. Ansin, iarradh ar gach saoránach a dtacaíocht a chur in iúl do gach moladh ar scála 1 ('Táim go láidir i gcoinne ') go dtí 6 ('Tacaím go láidir leis') ar bhallóid pháipéir. Ba rogha é staonadh ó vótáil freisin. Rinneadh an nós imeachta sin a athdhéanamh faoi dhó go dtí gur cuireadh na moltaí uile i láthair agus rinneadh



vótáil orthu.Nuair a bhí na vótaí uile comhairthe agus na torthaí fógartha ag na príomh-mhodhnóirí, tugadh cead cainte do **Pia Ahrenkilde-Hansen** (Ard-Stiúrthóir, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide), **Colin Scicluna** (Ceann *Cabinet* an Leas-Uachtaráin Dubravka Šuica) agus **Ute Haller-Block** (Ceann Aonaid, Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr) chun a mhíniú conas a rachaidh an Coimisiún i ngleic le moltaí na saoránach. Ar deireadh, iarradh ar shaoránaigh a n-aiseolas faoin bpróiseas uile a roinnt.




Tá clár oibre iomlán an tseisiúin le feiceáil thíos.

| Dé hAoine (28.4) | SEISIÚN IOMLÁNACH |
|---|---|
| 14:00–14:15 | **Focail fáilteacha agus cur i láthair an tseisiúin** |
| 14:15–14:35 | Machnaimh le **Nicolas Schmit**, an Coimisinéir um Poist agus um Chearta Sóisialta, agus **Sophia Eriksson Waterschoot** (Stiúrthóir, Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr) |
| 14:35–15:15 | **Réamhrá: Ó Sheisiún 2 go Seisiún 3** |
| 15:15–15:45 | Sos caife, cleachtaí ‘cur in ord tosaíochta’ agus athrú seomraí |
| 15:45–17:50 | **Fo-sheisiúin iomlánacha: Ceisteanna agus freagraí le saineolaithe maidir le dréachtmholtaí** (scartha ina dhá ‘bhloc oibre’) |
| 17:50–18:00 | Athrú seomraí |
| 18:00–18:30 | **Príomhtheachtaireachtaí ó fho-sheisiúin iomlánacha** |
| **Dé Sathairn (29.4)** | **MEITHLEACHA** |
| 9:30–11:15 | **Seisiún 1: Moladh 1 a phlé, a dhréachtú agus a athbhreithniú** |
| 11:15–11:45 | Sos caife |
| 11:45–13:00 | **Seisiún 2: Moladh 2 a phlé, a dhréachtú agus a athbhreithniú** |
| 13:00–14:30 | Sos lóin |
| 14:30–16:00 | **Seisiún 3: Ionchuir ó shaineolaithe agus comhtháthú aiseolais** |
| 16:00–16:30 | Sos caife |
| 16:30–18:00 | **Seisiún 4: Moltaí a chomhdhlúthú** |
| **Dé Domhnaigh (30.4)** | **SEISIÚN IOMLÁNACH** |
| 09:30–09:40 | **Fáilte ar ais** |
| 09:40–10:15 | **Moltaí I a chur i láthair agus a mheasúnú (grúpaí 1–4)** |
| 10:15–10:50 | **Moltaí II a chur i láthair agus a mheasúnú (grúpaí 5–8)** |
| 10:50–11:25 | **Moltaí III a chur i láthair agus a mheasúnú (grúpaí 9–12)** |
| 11:25–12:00 | Sos caife |
| 12:00–12:15 | **Suirbhé aiseolais** |
| 12:15–12:30 | **Cur i láthair na dtorthaí** |
| 12:30–13:10 | **Ócáidí searmanais agus óráidí oifigiúla** |
| 13:10–13:30 | Slán a fhágáil agus pictiúr teaghlaigh |

Cheap an painéal 21 mholadh deiridh agus rinne sé measúnú orthu le scála rátála (ó 1 go 6), a raibh meán uimhríochtúil ('leibhéal tacaíochta') agus 'ráta formheasa' mar thoradh air, i.e. sciar na vótaí idir 4 ('tacaím leis go pointe') agus 6 ('tacaím go láidir leis'), i gcás gach moladh. I dTábla 3, déantar na moltaí (le teidil amháin) a ordú de réir a leibhéil tacaíochta. Is féidir teacht ar na moltaí iomlána, lena n-áirítear an teideal, an téacs iomlán, an bonn cirt agus na sonraí breise, san Iarscríbhinn.



### Tábla 3: Forbhreathnú ar na moltaí deiridh agus ar thorthaí an mheasúnaithe

| Líon | Teideal an mholta | Leibhéal tacaíochta | Ráta formheasta | Vótaí |
|---|---|---|---|---|
| 16 | Faisnéis faoi shoghluaisteacht oibrithe san Eoraip | 5.11 | 95 % | 132 |
| 12 | Meantóirí chun fáilte níos fearr a chur roimh dhaoine sa tír cinn scríbe | 4.99 | 93 % | 132 |
| 17 | Feachtais feasachta spriocdhírithe faoi shoghluaisteacht foghlama | 4.99 | 92 % | 132 |
| 21 | Straitéis cumarsáide spriocdhírithe le haghaidh Erasmus+ a chur chun cinn | 4.98 | 89 % | 132 |
| 1 | Lingua franca mar uirlis le haghaidh soghluaisteacht foghlama | 4.97 | 86 % | 133 |
| 8 | Cláir teanga a fhógairt agus a chur chun cinn | 4.92 | 92 % | 131 |
| 11 | Ambasadóirí le haghaidh Eoraip níos soghluaiste | 4.92 | 88 % | 131 |
| 9 | Lárionaid faisnéise agus seirbhísí Erasmus+ a chur in úsáid agus a oiriúnú | 4.89 | 94 % | 133 |
| 15 | Tacaíocht airgeadais le haghaidh forbairt ghairmiúil fostaithe | 4.87 | 89 % | 131 |
| 3 | CLÁIR SOGHLUAISTEACHTA FOGHLAMA ATÁ ANN CHEANA A LEATHNÚ AMACH DO DHAOINE DE GACH AOIS AGUS I nGACH SRAITH SHOCHEACNAMAÍOCH | 4.84 | 88 % | 129 |
| 14 | AITHEANTAS A THABHAIRT DO RÓL NA N-OIDEOIRÍ I SOGHLUAISTEACHT FOGHLAMA | 4.79 | 84 % | 130 |
| 2 | Maireachtáil go hilteangach san Eoraip | 4.78 | 90 % | 133 |
| 4 | Lánpháirtiú níos doimhne na hearnála gairmoiliúna ar fud an Aontais a chur chun cinn | 4.76 | 89 % | 132 |
| 6 | Clár de chuid an Aontais chun samhlacha hibrideacha soghluaisteachta foghlama d'fhostaithe a chur chun cinn | 4.75 | 84 % | 134 |
| 20 | Measúnú a dhéanamh ar na bacainní riaracháin a bhíonn os comhair fostaithe agus fostóirí agus conas deireadh a chur leo | 4.75 | 87 % | 133 |
| 10 | Tacaíocht airgeadais shaincheaptha a dhearbhú do na daoine uile a thugann faoi shoghluaisteacht foghlama | 4.69 | 82 % | 131 |
| 19 | Réamhchlaonadh a shárú trí dháileadh níos cothromaithe shocrúcháin Erasmus+ a spreagadh | 4.56 | 83 % | 132 |
| 13 | Ar mhaithe le soghluaisteacht foghlama níos glaise | 4.46 | 76 % | 131 |
| 18 | Bearta agus gníomhaíochtaí chun neamh-idirdhealú sa tsoghluaisteacht foghlama a chur chun cinn | 4.42 | 75 % | 130 |
| 7 | Feabhas a chur ar fhoghlaim teanga trí theicneolaíochtaí nua | 4.37 | 74 % | 133 |
| 5 | Soghluaisteacht foghlama do theaghlaigh a chumasú | 3.87 | 60 % | 134 |



Roinn saoránaigh a dtuairimí maidir lena dtaithí sa phainéal i suirbhé aiseolais. Ó pheirspictíocht na rannpháirtithe de, d'éirigh leis an bpainéal. Mar thoradh ar an bpróiseas earcaíochta bhí sampla éagsúil daoine ó gach cearn den Eoraip agus ó gach cineál cúlra sochaíoch. De réir an tsuirbhé aiseolais, níor ghlac ach 5 % de shaoránaigh páirt i bpróiseas rannpháirtíochta cheana féin. Thairis sin, chreid 77 % go raibh an painéal ina léiriú 'iomlán' (23,5 %) nó 'go pointe' (54 %) ar an tsochaí ina hiomláine, cé gur luaigh roinnt daoine go raibh roinnt grúpaí faoi mhíbhuntáiste ar iarraidh. Nuair a iarradh orthu a dtaithí fhoriomlán a mheas, bhí 93 % de na rannpháirtithe 'go hiomlán sásta' (52 %) nó 'sásta go pointe' (41,5 %) leis an bpainéal. Leis na tromlaigh mhóra chéanna, thuairiscigh saoránaigh go bhfuil méadú tagtha ar an eolas atá acu faoi shoghluaisteacht foghlama (92 %), go bhfuil athrú tagtha ar a dtuairim faoi shoghluaisteacht foghlama (70 %) agus go bhfuil a dtuairim faoin Aontas Eorpach tar éis éirí níos dearfaí (60 %).

> 'Déan an leas is fearr is féidir as na painéil seo atá an-suimiúil agus a chruthaíonn naisc idirchultúrtha!'
>
> Gesuele, 34, an Iodáil



# 4. Na chéad chéimeanna eile



Le linn na dtrí sheisiún painéil, léirigh saoránaigh ardleibhéal tiomantais agus rannpháirtíochta chun moltaí a fhorbairt maidir le deiseanna soghluaisteachta foghlama a dhéanamh inrochtana do chách. D'ardaigh siad roinnt mhaith ceisteanna, chun tuiscint níos fearr a fháil ar chóras feidhmithe na scéimeanna soghluaisteachta foghlama atá ann cheana, go háirithe clár Erasmus+, agus faoi na príomhbhacainní agus na príomhchumasóirí ar shoghluaisteacht foghlama — ar thug saineolaithe aghaidh orthu. Idir na seisiúin féin, rinne roinnt mhaith saoránach tuilleadh imscrúdaithe ar ábhar na soghluaisteachta foghlama, lenar áiríodh trí fhreastal ar a bpobail áitiúla, a scoileanna agus institiúidí oideachasúla eile.

Leis na 21 mholadh a chuir an painéal ar aghaidh — mar a liostaítear san iarscríbhinn — glactar cur chuige cuimsitheach maidir le cur chun cinn na soghluaisteachta foghlama ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún. Le cúig mholadh, cuirtear i dtábhacht an tábhacht a bhaineann le córais ionchuimsitheacha oideachais agus oiliúna agus an gá do gach páirtí leasmhar lena mbaineann a gcion a dhéanamh chun a chinntiú gur féidir le gach duine tairbhí na hEorpa gan teorainneacha a bhaint, gan beann ar a n-aois, a leibhéal oideachais, a gcúlra ná a n-acmhainn airgeadais. Braitear gurb iad bearta tiomnaithe don chuimsiú is príomhchumasóir do rannpháirtíocht níos forleithne agus níos éagsúla sna cláir soghluaisteachta foghlama.

Le linn na bpléití, chuir na saoránaigh i dtábhacht an easpa feasachta, go háirithe i measc foghlaimeoirí fásta agus foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste, atá ann maidir leis na deiseanna soghluaisteachta foghlama atá ann cheana agus ar fáil dóibh. Dá bhrí sin, cuireadh i dtábhacht i gcúig mholadh a thábhachtaí atá freastal agus faisnéis spriocdhírithe a chur ar fáil ag an leibhéal is gaire d'fhoghlaimeoirí ag gach aois, lena n-áirítear foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste. Tá tábhacht shuntasach ag baint le ceithre mholadh freisin maidir le feabhas a chur ar fhoghlaim teangacha, lena n-áirítear le teicneolaíochtaí nua, mar phríomhfhachtóir cumasúcháin le haghaidh soghluaisteacht foghlama.

Baineann trí mholadh le soghluaisteacht foghlama fostaithe, agus sna ceithre mholadh eile tugtar aghaidh ar ról na n-oideoirí a aithint maidir le soghluaisteacht foghlama a eagrú, earnáil an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a chomhtháthú ar bhealach níos doimhne ar fud an Aontais, soghluaisteacht foghlama níos glaise agus dáileadh níos cothroime de chinn scríbe soghluaisteachta foghlama.

Sa togra ón gCoimisiún le haghaidh moladh ón gComhairle cuirtear san áireamh moltaí an Phainéil Saoránach. Is é is aidhm don togra raon feidhme na ndeiseanna soghluaisteachta foghlama a leathnú chuig foghlaimeoirí, oideoirí agus foireann de gach aois in oideachas scolaíochta, malartuithe óige,






gairmoideachas agus gairmoiliúint, ardoideachas agus oideachas aosach agus tacú lena n-aistriú isteach sa mhargadh saothair agus sa tsoghluaisteacht oibre. Sa togra freisin leagtar béim láidir ar an tsoghluaisteacht ionchuimsitheach. Dá bhrí sin, tá an togra ailínithe go maith le moltaí na saoránach, go háirithe maidir le deiseanna soghluaisteachta foghlama a leathnú do dhaoine de gach aois agus cúlra socheacnamaíoch, an neamh-idirdhealú a chur chun cinn agus tacaíocht airgeadais shaincheaptha a chinntiú. Cé go bhfuil deiseanna soghluaisteachta foghlama do na grúpaí sin agus bearta tiomnaithe maidir le cuimsiú do dhaoine ar lú na deiseanna atá acu ar fáil cheana féin faoin gclár Erasmus+, tá sé d'aidhm ag an togra ón gCoimisiún tuilleadh deiseanna fós a thairiscint do gach foghlaimeoir laistigh de réimse leathan scéimeanna trasteorann maidir leis an tsoghluaisteacht foghlama.

Cuirtear i dtábhacht sa togra ón gCoimisiún freisin a thábhachtaí atá sé foghlaim teangacha a neartú ag gach céim den oideachas agus den oiliúint chun deiseanna soghluaisteachta foghlama a chumasú. Ar an mbealach sin, tugtar aghaidh ar mholadh an phainéil maidir le maireachtáil ar bhealach ilteangach san Eoraip.

Is mian leis an gCoimisiún soláthar faisnéise spriocdhírithe agus tráthúil a mhol saoránaigh a chur i dtábhacht freisin, lena n-áirítear trí na Ballstáit a spreagadh tionscnóirí soghluaisteachta foghlama a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, tá a thogra ailínithe go maith leis na moltaí ó na saoránaigh maidir le lárionaid faisnéise agus seirbhísí, maidir le hambasadóirí le haghaidh Eoraip níos soghluaiste agus maidir le meantóirí chun fáilte a chur roimh dhaoine sa tír cinn scríbe.

I gcomhréir le moladh an Phainéil Saoránach aitheantas a thabhairt do ról na n-oideoirí i soghluaisteacht foghlama, tá an Coimisiún ag beartú aitheantas a chur chun cinn agus luach a saothair a thabhairt don fhoireann a ullmhaíonn agus a chuireann chun feidhme na tionscadail um shoghluaisteacht foghlama. Is sé is aidhm don togra ón gCoimisiún freisin an tsoghluaisteacht foghlama a dhéanamh níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, lena n-áirítear trí spreagadh a thabhairt do na Ballstáit an taisteal ar chóracha iompair níos inbhuanaithe chuig cinn scríbe na soghluaisteachta foghlama agus uathu, agus le linn tréimhsí soghluaisteachta, a cheapadh ina chuid dhílis d'eispéireas na soghluaisteachta foghlama.

Tugtar aghaidh i bpáirt cheana féin ar chuid de mholtaí an phainéil faoi Erasmus+ 2021–2027 agus faoi chláir eile de chuid an Aontais. Mar shampla, a mhéid a bhaineann leis an moladh i ndáil le soghluaisteacht foghlama a chumasú do theaghlaigh, soláthraíonn roinnt Gníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus+ breisithe do dheontais tacaíochta aonair do mhic léinn a bhfuil leanaí acu. Tá tacaíocht teanga ar líne ar oscailt do gach rannpháirtí i ngníomhaíochtaí soghluaisteachta i gCláir Erasmus+ agus de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.Le 'Beartaigh, Foghlaim, Máistrigh, Gnóthaigh' (ALMA), arna mhaoiniú ag Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, soláthraítear taithí faoi mhaoirseacht oibre i mBallstát eile do dhaoine óga idir 18–29 mbliana d'aois atá faoi mhíbhuntáiste.

Tá an Coimisiún ag pleanáil imeacht aiseolais a reáchtáil chun rannpháirtithe an Phainéil Saoránach a chur ar an eolas faoi bhearta leantacha ar a gcuid moltaí ag an gCruinniú Mullaigh Oideachais ardleibhéil an 30 Samhain.



# Iarscríbhinn: Moltaí deiridh


## Moladh 1

## Lingua franca mar uirlis le haghaidh soghluaisteacht foghlama

Tá Béarla bunaithe mar *lingua franca* laistigh den Aontas Eorpach. Is modh cumarsáide éasca agus coiteann é Béarla. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas a mholadh go múinfeadh na Ballstáit Béarla mar an chéad teanga eachtrach. Ba cheart don Aontas tacú leis na Ballstáit cláir a chur ar bun, a fhóirdheonú agus a chistiú dóibh siúd ar mian leo Béarla a fhoghlaim. Ba cheart tacú leis na cláir sin i scoileanna agus taobh amuigh den scoil. Ba cheart cúrsaí Béarla ar chostas íseal a thairiscint taobh amuigh den scoil do dhaoine de gach aois. Is gá an clár a fhógairt go héifeachtach agus daoine a spreagadh chun Béarla a fhoghlaim.

### Réasúnú

Le *lingua franca* comhchoiteann, éascaítear malartuithe idir náisiúin agus chultúir. Ní thagann sé sin salach ar Eoraip ilteangach. Tá Béarla éasca le foghlaim agus labhraítear go forleathan é cheana féin, go háirithe i measc daoine óga.



## Moladh 2

## Maireachtáil go hilteangach san Eoraip

Saintréith iontach den Aontas Eorpach is ea an iliomad teangacha ann. Cothaítear meon níos fairsinge trí theangacha a fhoghlaim. Dá bhrí sin, molaimid tacú le tionscadail ilnáisiúnta agus ilteangacha. Ní hamháin i scoileanna ach taobh amuigh díobh freisin. Is féidir é sin a chur chun feidhme trí thacú le malartuithe, go háirithe malartuithe múinteoirí agus intéirneach. Ba cheart daoine a spreagadh chun tabhairt faoi shoghluaisteacht foghlama. Ba cheart do na tionscadail sin díriú ar rannpháirtithe malairte, go sonrach múinteoirí agus intéirnigh a bhaineann úsáid as soghluaisteacht foghlama. Bealach amháin chun daoine a spreagadh chun tuilleadh teangacha a fhoghlaim é cistiú ón Aontas a chur ar fáil. Ní mór faisnéis faoi thionscadail atá ann cheana agus faoi thionscadail fhéideartha a fhógairt agus a chur in iúl níos fearr.

### Réasúnú

Ba cheart do mhúinteoirí a bheith in ann a meon a fhairsingiú trí thaithí a fháil ar shoghluaisteacht foghlama agus an taithí sin a roinnt nuair a fhilleann siad ar a scoileanna féin. Cruthaítear bunús láidir don oideachas i dteangacha trí rannpháirtíocht i soghluaisteacht foghlama. Ach roinnt mhaith teangacha a bheith ag duine, éascaítear dó eolas a chur ar thíortha agus ar chultúir éagsúla. Fágann sin gur mó an seans go mbeidh taithí ag na rannpháirtithe ar éagsúlacht na hEorpa. Is féidir le cláir ar chostais íseal atá inrochtana go héasca cuidiú le tacaíocht a thabhairt do dhaoine i ngach aoisghrúpa agus iad a spreagadh chun tuilleadh teangacha a fhoghlaim.



## Moladh 3

### Cláir soghluaisteachta foghlama atá ann cheana a leathnú chun daoine de gach aois agus i ngach sraith shocheacnamaíoch a chumhdach

Molaimid don Aontas creat a sholáthar le haghaidh scéimeanna soghluaisteachta foghlama a chuimsíonn daoine de gach aois. D'fhéadfaí é sin a dhíriú ar dhaoine nó ar ghrúpaí ar spéis leo soghluaisteacht foghlama ach nach bhfuil mar chuid d'institiúid fhoirmiúil. Áirítear leis sin, mar shampla, daoine atá dífhostaithe nó ag cuardach post, nó daoine as cúlraí socheacnamaíocha níos ísle. Níor cheart an creat a theorannú do na grúpaí sin, áfach.

Ba cheart cláir atá ann cheana, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach nó DiscoverEU, mar shampla, a leathnú amach chun daoine de gach aois a chumhdach agus ba cheart iad a chur chun cinn ar ardán. B'fhearr é dá bhfaigheadh daoine atá ag tabhairt faoi shoghluaisteacht foghlama deis fanacht i gcóiríocht phríobháideach. Coimeádtar na costais íseal mar sin agus baintear amach ceangal níos dlúithe agus tuiscint ar chultúir agus ar theangacha eachtracha. Ba cheart go mbeadh gach saoránach den Aontas in ann iarratas a dhéanamh ar an gclár sin. Ba cheart dóibh a bheith in ann iarratas a dhéanamh ar bhonn cás ar chás, agus a gcuspóirí foghlama a lua go soiléir.

### Réasúnú

Ar an gcaoi sin, neartaítear féiniúlacht na hEorpa agus noirm agus luachanna coiteanna trí na sraitheanna uile den tsochaí. Is féidir le daoine, go háirithe daoine nach bhfuair mórán tacaíochta óna dteaghlach nó ón tsochaí de bharr a gcúlra, taithí agus tuiscint níos fearr a fháil ar an idirchultúrthacht trí chlár leathnaithe.



## Moladh 4


## Lánpháirtiú níos doimhne na hearnála gairmoiliúna ar fud an Aontais a chur chun cinn

Molaimid don Aontas Eorpach córas dreasachta níos fearr a sholáthar do ghníomhaithe san earnáil gairmoiliúna chun eolas agus rochtain ar dheiseanna atá ann cheana a chur chun cinn. Áirítear ar na gníomhaithe sin gairmscoileanna, daoine faoi oiliúint, comhlachais cheirde, agus comhlachtaí earnála amhail comhlachais tráchtála agus tionscail náisiúnta.

Chun córas dreasachta níos fearr a bhunú, ba cheart do na hIonaid Barr Feabhais Gairme atá ann cheana a bheith níos feiceálaí agus ba cheart dóibh soghluaisteacht foghlama a chur chun cinn níos mó. Ba cheart do na gníomhaithe thuasluaite líonra a bheadh lánpháirtithe ar bhealach níos doimhne a chruthú chun bacainní ar rochtain a laghdú agus chun cáilíocht na gairmoiliúna a fheabhsú.

### Réasúnú

Ba mhaith linn cáilíocht na gairmoiliúna Eorpaí a fheabhsú, go háirithe i bpríomhréimsí tosaíochta mar an t-aistriú glas, slándáil TF, fóntais agus cúram sláinte. Thairis sin, trí líonra seasta agus níos praiticiúla a bhunú, bheadh rochtain níos fearr ag gnólachtaí beaga ar shoghluaisteacht foghlama. Sa bhreis air sin, chaomhnófaí cáilíocht na gairmoiliúna leis. Thairis sin, tríd an moladh seo a chur chun feidhme, mhéadófaí leibhéal ginearálta na dtacar scileanna san Aontas agus chruthófaí cineál inimirce daoine oilte laistigh de na Ballstáit.



## Moladh 5


## Soghluaisteacht foghlama do theaghlaigh a chumasú

Molaimid don Aontas Eorpach clár píolótach a bhunú le haghaidh soghluaisteacht foghlama idirghlúine lena dtabharfaí deis do roinnt ball teaghlaigh tabhairt faoi shoghluaisteacht foghlama le chéile, agus aghaidh a thabhairt ar chnuasaigh teaghlach ar an gcaoi sin.

Molaimid tionscadal píolótach nua a sheoladh, laistigh de chreat cláir atá ann cheana, más féidir, lena gcuirfí daoine a bhfuil leanaí acu san áireamh. Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an tionscadal píolótach de réir a chostéifeachtachta chun a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart é a leathnú amach.

### Réasúnú

Leis an mbeart seo, spreagtar idirphlé idirghlúine ar fud an Aontais mar chuid dá chláir shoghluaisteachta. Ina theannta sin, éascaítear rochtain ar shoghluaisteacht do dhaoine a bhfuil leanaí óga acu. Tá poitéinseal ag an réiteach seo leanaí scoile agus tuismitheoirí a chur san áireamh sa tsoghluaisteacht: D'fhéadfadh leanaí dul ar scoil agus d'fhéadfadh tuismitheoirí páirt a ghlacadh in oideachas aosach.



## Moladh 6

## Clár de chuid an Aontais chun samhlacha hibrideacha soghluaisteachta foghlama d'fhostaithe a chur chun cinn

Molaimid clár de chuid an Aontais a fhorbairt chun samhlacha hibrideacha soghluaisteachta foghlama d'fhostaithe a chur chun cinn.

Is féidir le fostaithe cúrsaí a dhéanamh i réimsí éagsúla staidéir tríd an gclár. Ba cheart cúrsaí an chláir a thabhairt chun críche laistigh de 6 mhí ar a mhéad. D'fhéadfadh na cúrsaí a bheith ag baint go sonrach le teanga, agus le hábhair a bhaineann le gairmeacha na bhfostaithe freisin. Trí chúrsaí den sórt sin, is féidir le fostaithe leibhéal níos airde inniúlachta a bhaint amach ina ngairm féin, taithí phraiticiúil ina measc. Is féidir le fostaithe cuid den oiliúint a chur i gcrích ar líne agus an chuid eile ar an gcoigríoch. Chun é sin a dhéanamh, téann siad chuig institiúidí oideachais ar an gcoigríoch, mar shampla ollscoileanna, coláistí pobail nó ionaid ghairmoiliúna (ag brath ar na hinstitiúidí atá sna tíortha). Tá sé d'oibleagáid ar an bhfostóir an fostaí a scaoileadh ar feadh tréimhse na taithí ar an gcoigríoch, agus ar feadh roinnt ama le linn an chúrsa ar líne. Ina theannta sin, ní mór a dhearbhú go mbeidh post an fhostaí fós ann ar fhilleadh dóibh. Ní gá don fhostóir leanúint de thuarastal an fhostaí a íoc le linn an ama sin, áfach. Ina ionad sin, ní mór an costas a bhaineann le maireachtáil ar an gcoigríoch a chumhdach le ciste de chuid an Aontais. Ba cheart costais sláinte agus slándála sóisialta a chumhdach freisin.

### Réasúnú

Nuair a fhaigheann fostaithe taithí ar an gcoigríoch, is chun leasa na bpáirtithe uile é: is féidir leis an bhfostaí fás go pearsanta agus go gairmiúil. Faigheann an fostóir fostaí ag a bhfuil cáilíochtaí níos airde ar fhilleadh dóibh. Ina theannta sin, tairbhíonn cuideachtaí den taithí a fhaigheann a gcuid fostaithe ar an gcoigríoch nuair a roinneann siad a gcuid eolais le comhghleacaithe, i bhfoirm oiliúna, mar shampla.

Is ríthábhachtach é samhlacha hibrideacha a thairiscint. Is minic nach féidir le daoine sa saol gairmiúil nó daoine a bhfuil clann orthu dul ar an gcoigríoch ach ar feadh am teoranta. Tá solúbthacht na samhlacha hibrideacha de dhíth orthu. Ina theannta sin, is gá d'fhostóirí a bhfostaithe a scaoileadh ar feadh tréimhse níos giorra más féidir leo cuid den taithí foghlama a fháil ar líne.

Le haghaidh an chláir shonraigh seo, ní mholfaimis malartuithe fostaithe díreacha idir cuideachtaí an Aontais mar gheall ar an riosca go dtarlódh spriocearcú agus imirce daoine oilte. Is é is mian linn a dhéanamh, go sainráite, soghluaisteacht foghlama a chur chun cinn trí sholáthraithe oideachais agus ní trí shoghluaisteacht an lucht oibre. Bíonn malartuithe idir cuideachtaí luachmhar i dtionscail áirithe, áfach, agus is féidir iad a éascú trí chláir soghluaisteachta foghlama eile.



## Moladh 7

### Feabhas a chur ar fhoghlaim teanga trí theicneolaíochtaí nua

Ba cheart don Choimisiún Eorpach infheistiú in uirlisí teicneolaíochta (Intleacht Shaorga) a úsáid sa chreat soghluaisteachta foghlama chun cur le foghlaim teanga. Ba cheart don Aontas Eorpach infheistiú i dteicneolaíochtaí digiteacha chun tacú le soghluaisteacht foghlama in éineacht le foghlaim aghaidh ar aghaidh. Tá feidhm ag an moladh seo maidir le hullmhú le haghaidh soghluaisteacht foghlama agus le tréimhse na soghluaisteachta féin.

Ba cheart d'uirlisí teicneolaíochta a bheith saor in aisce. Ba cheart teicneolaíochtaí nua a úsáid go háirithe i luathchéimeanna na foghlama teanga. Ba cheart teicneolaíochtaí nua a úsáid ar bhealach a aimsíonn na saoránaigh uile atá ag tabhairt faoi shoghluaisteacht foghlama (e.g. mic léinn, pinsinéirí,...).

Ba cheart don Choimisiún Eorpach na forbairtí IS is déanaí a chur leis an ardán EU Academy atá ann cheana trí aip. D'fhéadfaí a áireamh ar úsáidí sonracha IS foghlaim, treisiú stór focal, ateangaireacht shioncronaithe, agus cumarsáid idir úsáideoirí ar an aip a chumasú.

### Réasúnú

Ba cheart don Choimisiún Eorpach leas a bhaint as na teicneolaíochtaí is déanaí chun feabhas a chur ar fhoghlaim teanga i soghluaisteacht foghlama. Is féidir le córais IS anailís a dhéanamh ar an rath foghlama agus cláir foghlama pearsantaithe a fhorbairt níos tapúla bunaithe ar riachtanais agus scileanna.



## Moladh 8

### Cláir teanga a fhógairt agus a chur chun cinn

Ba cheart don Choimisiún Eorpach fógraíocht níos déine a dhéanamh ar a gcláir teanga atá ar bun cheana agus cláir teanga atá ann cheana a chur chun cinn ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach.

Is é an spriocghrúpa ná na daoine uile ar mian leo tabhairt faoi scéimeanna soghluaisteachta foghlama agus úsáid a bhaint as na cláir teanga atá ann cheana ina dtír dhúchais agus ina dtír óstach ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach.

I. Roimh an gcuairt:

Ba cheart don Aontas a gcláir teanga a fhógairt trí thairiscintí ríomhphoist, margaíocht spriocdhírithe ar na meáin shóisialta, agus caidreamh poiblí.

Ba cheart clár meantóireachta a fhorbairt. Ba cheart don mheantóir a shanntar tacaíocht a sholáthar maidir le conas feabhas a chur ar scileanna teanga roimh chuairteanna soghluaisteachta foghlama.


Ba cheart clár ambasadóirí a fhorbairt freisin, le daoine a bhí rannpháirteach i soghluaisteacht foghlama cheana féin. Cuirfidh na hambasadóirí scoileanna, ollscoileanna agus gnólachtaí ar an eolas faoi shoghluaisteacht foghlama, cuirfidh siad soghluaisteacht foghlama chun cinn i scoileanna, ollscoileanna agus gnólachtaí, agus roinnfidh siad a dtaithí féin ar fhoghlaim teanga.

II. Le linn na cuairte:

Soláthróidh an meantóir tacaíocht áitiúil nuair a shroicheann daoine an ceann scríbe. Áireofar ar an gclár meantóireachta comhpháirteanna cultúir agus teanga chun cuidiú leis an duine atá ag tabhairt faoi shoghluaisteacht foghlama.

### Réasúnú

De réir staidrimh (Flashbarometer, 2020), tá foghlaim teanga ar cheann de na príomhbhacainní a chuireann cosc ar dhaoine a bheith rannpháirteach i scéimeanna soghluaisteachta chun críche foghlama.



## Moladh 9

### Lárionaid faisnéise agus seirbhísí Erasmus+ a chur in úsáid agus a oiriúnú

Measaimid gur phríomhghné é inrochtaineacht agus comhchuibhiú na faisnéise ar Erasmus+. Trí mhéadú comhréireach agus athrú cuspóra a chur ar Erasmus+ agus ar bhuiséad an chláir Erasmus le haghaidh soghluaisteacht aosach, molaimid bonneagair atá ann cheana agus a bhaineann go sonrach leis na Ballstáit a úsáid chun oifigí Erasmus+ a bhunú. Tagraímid do bhonneagair náisiúnta agus áitiúla a bhaineann go sonrach leis an sprioc-dhaonra: an chuid sin den daonra nach mbíonn ag obair, an chuid sin den daonra a bhíonn ag obair, daoine óga. Tá béim faoi leith againn ar spriocdhíriú ar aosaigh i gcás ina bhfuil siad rannpháirteach i gcláir foghlama (lárionad fostaíochta, oifig phoist, clubanna spóirt, cláir shóisialta, comhlachais áitiúla, lárionaid do dhaoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu ar aosaigh iad, etc.). Chun na hoifigí sin a chomhordú, bheadh struchtúr tagartha náisiúnta faoi scáth an chomhlachta Eorpaigh ina phointe tagartha chun faisnéis faoi na seirbhísí arna dtairiscint a scaipeadh ar oifigí áitiúla. Chun na hoifigí áitiúla sin a chur chun cinn, molaimid cumarsáid Eorpach struchtúrtha a chur chun feidhme ar leibhéal oifigí áitiúla, lena gcuirtear in iúl gur ann do na hoifigí sin agus do na seirbhísí a chuireann siad ar fáil, agus na cainéil chumarsáide uile á gcur san áireamh.

### Réasúnú

I bhfianaise an mheascáin clár Eorpach (Eurodesk, Europe Direct, etc.), dealraítear dúinn gur ríthábhachtach iad inrochtaineacht agus comhchuibhiú na faisnéise faoi Erasmus+. D'fhéadfadh na hoifigí áitiúla sin raon leathan seirbhísí a thairiscint (i gcomhordú leis an gcreat náisiúnta):


→ Caidreamh le líonra daoine a bheadh ar fáil sa tír óstach chun nasc a sholáthar ón tráth a thagann daoine isteach sa tír (tacaíocht teanga, faisnéis riaracháin, comhairle faoi iompar, cóiríocht, cúram sláinte, tacaíocht shíceolaíoch, etc.) agus le linn na cuairte, de réir a riachtanas sonrach.

→ Béim speisialta ar chóiríocht: bunachar sonraí áitiúil comhroinnte lena soláthraítear faisnéis faoi chóiríocht atá ar fáil, inacmhainne agus molta, agus béim thábhachtach ar inrochtaineacht na roghanna tithíochta sin do chách, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas.

→ Tacaíocht airgeadais shonrach a bhaineann le riachtanais shonracha an duine atá ag bogadh: cúram sláinte (cúnamh síceolaíoch agus fisiceach), cuidiú le cúram leanaí, agus iompar.

→ Córas tacaíochta teanga roimh an malartú agus lena linn

→ Ardán tacaíochta agus faisnéise a chruthú maidir le tithíocht agus inrochtaineacht iompair do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu chun treoir agus comhairle a thabhairt dóibh le linn a gcuairte.



## Moladh 10

### Tacaíocht airgeadais shaincheaptha a dhearbhú do na daoine uile a thugann faoi shoghluaisteacht foghlama

Molaimid méadú ar an mbuiséad iomlánaíoch chun foráil a dhéanamh maidir le dáileadh acmhainní níos ionchuimsithí agus níos mó do rannpháirtithe i soghluaisteacht foghlama (ina measc mic léinn, daoine faoi oiliúint, fostaithe agus oibrithe, agus do chuideachtaí agus gnólachtaí beaga freisin). Ba cheart an deis chun tacaíocht airgeadais a fháil a thairiscint do chách, agus ba cheart don mhéid a bheith ag brath ar thosca socheacnamaíocha: costas maireachtála sna tíortha óstacha, acmhainneachtaí airgeadais na rannpháirtithe, agus riachtanais speisialta le haghaidh míchumais fhisiciúla agus galar. Ba cheart é sin a dhéanamh trí chritéir dhámhachtana Eorpacha choiteanna a fhorbairt lena ndíreofar ar chúlraí aonair agus ar riachtanais shocheacnamaíocha na ndaoine a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar shoghluaisteacht foghlama (gan gráid a chur san áireamh). Thairis sin, aistreofar tacaíocht airgeadais chuig na rannpháirtithe aonair le linn an phróisis uile. In éineacht leis an mbuiséad méadaithe sin, is mian linn malartuithe fostaithe idir cuideachtaí a spreagadh freisin, bunaithe ar riachtanais airgeadais na bhfostaithe, agus de réir mhéid na gcuideachtaí. Ba cheart luach saothair airgeadais a thabhairt do na baill foirne a dhéanann measúnú ar na daoine a théann ar shoghluaisteacht foghlama.

### Réasúnú

Leis sin, fágfar an córas soghluaisteachta foghlama níos cothroime, níos ionchuimsithí agus níos inrochtana do chónaitheoirí uile an Aontais Eorpaigh agus do dhaoine as gach cúlra ar mian leo a bheith rannpháirteach i soghluaisteacht foghlama, agus cuirfear deireadh leis na príomhbhacainní airgeadais ar rannpháirtíocht.



## Moladh 11

## Ambasadóirí le haghaidh Eoraip níos soghluaiste

Molaimid clár ambasadóirí a chruthú i ngach Ballstát. Beidh na hambasadóirí freagrach as cláir soghluaisteachta foghlama atá ann cheana a fhógairt agus a chur chun cinn. Déanfaidh na hambasadóirí soghluaisteacht ar an gcoigríoch a chur chun cinn do gach cineál spriocghrúpa (leanaí, mic léinn, foghlaimeoirí, oibrithe, seanóirí), agus i ngach cineál eagraíochta (scoileanna, ollscoileanna, cuideachtaí, comhlachais, etc.). Post lánaimseartha a bheidh i gceist leis sin agus íocfaidh na Gníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus as. Déanfar buiséad na ngníomhaireachtaí sin a athdháileadh chun tús áite a thabhairt d'obair na n-ambasadóirí. Déanfar an buiséad a chur in oiriúint do riachtanais na tíre (an líon áitritheoirí, an líon daoine a thairbhíonn de chláir shoghluaisteachta cheana féin, etc.).

Beidh taithí le roinnt ag na hambasadóirí ar shoghluaisteacht cheana féin. Ba cheart intinn oscailte agus dea-scileanna cumarsáide a bheith acu. Ba cheart do na hambasadóirí ionadaíocht a dhéanamh ar an éagsúlacht a bhaineann leis na cineálacha daoine atá in ann dul ar an gcoigríoch, ionas go bhféadfaidh gach grúpa iad féin a shamhlú iontu.

Is féidir a bheith i d'ambasadóir ar feadh tréimhse fhada. Mar sin féin, moltar daoine nua a earcú go tráthrialta, daoine a fuair taithí le déanaí ar shoghluaisteacht foghlama. Cuirfear dea-chumarsáid chun feidhme maidir leis an gclár ambasadóirí (líonraí sóisialta, feachtais feasachta, etc.).

### Réasúnú

Níl daoine feasach ar na deiseanna le haghaidh soghluaisteacht foghlama atá ann cheana i roinnt mhaith tíortha Eorpacha. Is minic a mbíonn easpa muiníne ag daoine. Bíonn eagla orthu roimh eispéiris ar an gcoigríoch. Is tábhachtach é fiosracht a mhúscailt agus deireadh a chur leis an eagla roimh dhul ar an gcoigríoch. Tá Erasmus+ thar a bheith spriocdhírithe ar ghrúpaí sonracha ar nós mic léinn. Tá tuiscint mhaith ag mic léinn ar an gcaoi a n-oibríonn Erasmus+, ach tá grúpaí eile (mic léinn nach bhfuil san ardoideachas) fágtha ar lár beagán maidir le deiseanna soghluaisteachta foghlama. Tá an-chuid faisnéise ar fáil, ach ní shroicheann sí daoine. D'fhéadfadh na hambasadóirí cuidiú le daoine a nascadh lena bhfuil ann cheana féin. Seachas doiciméad a léamh, is éifeachtaí é duine a bheith ann atá in ann labhairt leat, tú a chur ar do shuaimhneas agus do cheisteanna a fhreagairt.



## Moladh 12

## Meantóirí chun fáilte níos fearr a chur roimh dhaoine sa tír cinn scríbe

Molaimid go gcuirfí fáilte roimh dhaoine ar scéimeanna soghluaisteachta sa tír cinn scríbe, agus go n-éascódh líonra teagascóirí a lánpháirtiú sa tír. Is duine ón tír cinn scríbe atá sa teagascóir, duine a bhfuil eolas aige ar an gcultúr náisiúnta agus atá sásta cuidiú leis an duine nua le linn a chuairte. Beidh an teagascóir i bhfeighil ar thacaíocht a thabhairt don duine sula bhfágann siad a dtír dhúchais (faisnéis faoi lóistín, iompar, nósanna imeachta riaracháin, etc.). Cuideoidh an teagascóir leis an duine nua le linn na cuairte, go háirithe le nósanna imeachta áitiúla. Tabharfaidh an teagascóir tacaíocht don duine chun a saol shóisialta sa tír a fhorbairt. Oibreoidh na teagascóirí sin ar bhonn deonach, ach aisíocfar cuid dá gcostais leo. Tá líonraí ann cheana féin chun tacú le lánpháirtiú (ESN, Erasmus Mundus, EuroPeers, etc.) ach is do mhic léinn amháin iad. Molaimid iad a threisiú, a chuachadh agus a shíneadh chuig grúpaí eile (leanaí, oibrithe, seanóirí, foghlaimeoirí…). Ach ardán a chruthú, d'fhéadfadh sé a bheith níos éasca do theagascóirí agus do dhaoine nua dul i dteagmháil lena chéile.

### Réasúnú

Mothaíonn daoine ar an imeall, uaireanta, le linn a malartaithe soghluaisteachta. D'fhéadfadh teagascóirí cuidiú leo mothú níos muiníní agus níos compordaí. Bheadh sé thar a bheith úsáideach dóibh faisnéis a bheith acu roimh dhul ar an gcoigríoch dóibh, agus d'fhéadfadh sé an eagla roimh dhul ar an gcoigríoch a laghdú. Bheadh an fhaisnéis uile ag daoine faoin tír cinn scríbe agus bheadh a fhios acu go raibh duine éigin ag fanacht leo ar an gceann scríbe a bhaint amach dóibh. D'fhéadfadh sé faoiseamh a thabhairt do na daoine ag dul ar an gcoigríoch agus dá ngaolta, go háirithe a dtuismitheoirí. Bheadh teagascóirí tábhachtach go háirithe do dhaoine a thugann faoi shoghluaisteacht foghlama in institiúidí neamh-acadúla nó i limistéir thuaithe.




## Moladh 13

### Ar mhaithe le soghluaisteacht foghlama níos glaise!

Molaimid dreasachtaí le haghaidh rochtain níos saoire ar iompar glas (agus duine ag bogadh go tír óstach agus ag maireachtáil inti) a thairiscint do rannpháirtithe uile na soghluaisteachta foghlama. Chruthódh na roghanna sin an fhéidearthacht do na rannpháirtithe stíl mhaireachtála níos saoire, éiceabhách a bheith acu sna tíortha cinn scríbe, trí roghanna taistil éiceabhácha a úsáid chun dul chuig an obair, fanacht in óstáin éiceabhácha, etc. Ba cheart don Choimisiún Eorpach na roghanna sin atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur in iúl i gceart sula n-imíonn na rannpháirtithe chuig an tír cinn scríbe.

### Réasúnú

Ós rud é gur gá rannpháirtithe i soghluaisteacht foghlama a spreagadh, trí dhreasachtaí eacnamaíocha a úsáid, chun modhanna iompair glasa a úsáid agus iad ag dul chuig tír eile, ach fad a bhíonn siad sa tír nua sin freisin.



## Moladh 14

### Aitheantas a thabhairt do ról na n-oideoirí sa tsoghluaisteacht foghlama!

Molaimid gur cheart aitheantas oifigiúil mar ‘chomhordaitheoirí idirnáisiúnta’ a thabhairt d’oideoirí a thacaíonn le mic léinn i gcláir soghluaisteachta foghlama. Ba cheart iad a chúiteamh as an ualach oibre breise agus as an am a chaitear air. Ba cheart é a bheith éasca iad a shainaithint ina n-institiúid oideachais, agus ba cheart oiliúint agus deimhniú a thabhairt dóibh. Ba cheart go spreagfadh an méid sin iad chun cuidiú le mic léinn i gcláir soghluaisteachta foghlama agus comhairle a chur orthu, maidir le nósanna imeachta riaracháin freisin, agus san am céanna luachanna na hEorpa agus fís na hEorpa a chur in iúl dóibh. Ba cheart a bheith in ann féachaint ar na ‘comhordaitheoirí idirnáisiúnta’ sin mar dhaoine iontaofa. Ba cheart dóibh gníomhaíochtaí lena gcuirtear soghluaisteacht foghlama chun cinn a eagrú le linn na bliana.

### Réasúnú

Ba cheart meas a léiriú ar oideoirí agus aitheantas a thabhairt dóibh as an obair bhreise a dhéanann siad agus as faisnéis agus treoir níos fearr agus níos inrochtana a sholáthar ar na deiseanna atá ar fáil.



## Moladh 15

## Tacaíocht airgeadais le haghaidh forbairt ghairmiúil fostaithe


Molaimid don Aontas dreasachtaí airgeadais a sholáthar le haghaidh:

- Fiontair bheaga agus mheánmhéide ar mian leo a bhfostaithe a sheoladh ar an gcoigríoch chun bheith rannpháirteach i gcúrsaí oiliúna agus chun eolas a thabhairt ar ais leo dá gcomhghleacaithe agus dá gcomhpháirtithe.
- Oibrithe (idir dhaoine dífhostaithe agus daoine i bhfostaíocht éiginnte) a thugann faoi shoghluaisteacht oiliúna le cuideachta óstach chun a scileanna a thabhairt cothrom le dáta agus dul chun cinn gairmiúil a dhéanamh. Faigheann an chuideachta óstach lógó oifigiúil Eorpach dá suíomh gréasáin freisin

Chumhdófaí costais sheasta na n-oibrithe (e.g. cóiríocht, iompar, etc.) leis an tacaíocht airgeadais. Is féidir leis an Aontas, cuideachtaí, an t-oibrí nó an t-ionad fostaíochta an malartú foghlama a cómhaoiniú, le go nglacfaidh an t-oibrí nó an chuideachta leis i ndáiríre. Braitheann an leibhéal cómhaoinithe ar an gcineál soghluaisteachta foghlama agus ar na tairbhithe. Is féidir leis na malartuithe foghlama sin tarlú idir an earnáil phríobháideach (e.g. eagraíochtaí neamhrialtasacha, cuideachtaí, eagraíochtaí) agus an earnáil phoiblí (e.g. institiúidí, an tAontas, etc.) freisin, chomh maith le cineálacha eile réimsí oibre. Is féidir le ceardchumainn agus le comhlachais oibrithe tacú le forbairt na gclár sin freisin.

### Réasúnú

Ar an gcaoi sin, is féidir le haon chuideachta, gan beann ar a féidearthachtaí eacnamaíocha, ligean dá hoibrithe páirt a ghlacadh i gcláir malartaithe chun feabhas a chur ar a gcuid scileanna. Ina theannta sin, is féidir le haon chuideachta ar mian léi oibrí a óstáil é sin a dhéanamh gan gá íoc as cuairt nó tuarastal an oibrí.




## Moladh 16

## Faisnéis faoi shoghluaisteacht oibrithe san Eoraip

Molaimid don Aontas Eorpach ardán faisnéise a chruthú agus a bhainistiú a bheadh tiomnaithe do na deiseanna soghluaisteachta foghlama d'oibrithe i ngach cineál earnála (príobháideach, poiblí, etc.). Is é is aidhm don ardán ná cuideachtaí agus oibrithe a nascadh, agus ba cheart dó a bheith inrochtana go huilíoch. Cláraíonn gach rannpháirtí a phunann: cuideachtaí ar mian leo a bheith ina n-óstaigh, tugann siad faisnéis faoina dtairgeann siad – agus cuireann oibrithe a rannchuidiú agus a gcuspóirí maidir le taithí foghlama i láthair. Áireofar faisnéis faoi na cineálacha éagsúla cistithe atá ar fáil ar an ardán freisin, chomh maith le naisc chuig suíomhanna gaolmhara eile. Ba cheart d'oibrithe a ghlac páirt i gclár soghluaisteachta foghlama a gcuid taithí a roinnt i dtuarascáil. Chuideodh an t-ardán sin leis an malartú oibrithe a chomhordú níos fearr agus leis na nósanna imeachta riaracháin a bhainistiú ar bhealach níos cuíchóirithe agus níos comhchuibhithe.

### Réasúnú

Cheadódh an t-ardán sin d'fhostóirí faisnéis faoi dheiseanna agus bealaí chun na malartuithe sin a chur chun feidhme a mhalartú. Ina theannta sin, bheadh sé ina spás coiteann d'fhostaithe chun tuiscint a fháil ar a bhfuil ar fáil ar an margadh maidir le deiseanna soghluaisteachta foghlama.



## Moladh 17

## Feachtais feasachta spriocdhírithe faoi shoghluaisteacht foghlama

Molaimid feachtais feasachta bheaga, spriocdhírithe le haghaidh dhá spriocghrúpa dhifriúla: a) déagóirí/mic léinn agus (b) aosaigh (gairmithe, oibrithe etc.). Teastaíonn cur chuige difriúil le haghaidh gach grúpa. An chéad uirlis a d'fhéadfaimis a úsáid ná ambasadóirí a bhfuil taithí acu ar shoghluaisteacht foghlama, chun í a chur chun cinn do dhéagóirí agus d'aosaigh/ghairmithe trína 'scéalta ratha' a roinnt leo. D'fhéadfadh an beart sin a bheith éifeachtach freisin do ghrúpaí ar nós daoine scothaosta etc. D'fhéadfadh na hambasadóirí sin a bheith lonnaithe ag deasca i hallaí cathrach agus cuairt a thabhairt ar scoileanna agus ar ionaid eile. Ba cheart duine ag a bhfuil speisialtóireacht sna hábhair theicniúla agus phraiticiúla a bhaineann le soghluaisteacht foghlama a chur san áireamh. Maidir leis an dara huirlis, lena ndíreofaí ar mhic léinn agus ar dhaoine óga, d'fhéadfaí uirlis hibrideach agus bealaí cruthaitheacha a úsáid chun iad a aimsiú, mar shampla trí na meáin shóisialta (haischlibeanna, faisnéis ar líne, etc.), chomh maith le pacáistí faisnéise fisiceacha ar shoghluaisteacht foghlama. D'fhéadfadh cúrsaíocht faisnéise níos leithne agus 'éifeacht charnach' eascairt as an gcineál sin feachtais.

### Réasúnú

Má tá easpa eolais ag daoine faoi shoghluaisteacht foghlama, ní féidir leo páirt a ghlacadh inti. Leathnófar rannpháirtíocht trí rochtain ar fhaisnéis.




## Moladh 18

### Bearta agus gníomhaíochtaí chun neamh-idirdhealú sa tsoghluaisteacht foghlama a chur chun cinn

Déanaimid idirdhealú idir daoine óga i scoileanna agus aosaigh in áiteanna oibre, agus dírímid ar dhul i ngleic le saincheisteanna sa dá suíomh sin. Áirithímid gur spásanna neamh-idirdhealaitheacha iad scoileanna agus áiteanna oibre do dhéagóirí agus do ghairmithe, ó thaobh tosca éagsúla mar aois, inscne, sláinte, gnéaschlaonadh, reiligiún, etc. Chun an sprioc sin a bhaint amach, is gá don Choimisiún Eorpach cistí agus acmhainní a leithdháileadh ar na páirtithe difriúla i gceist: teaghlaigh óstacha do dhéagóirí, agus cuideachtaí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha d'aosaigh. Tá gá leis na gníomhaíochtaí seo a leanas: ba cheart teaghlaigh agus cuideachtaí óstacha a ullmhú don mhéid atá i gceist le duine a óstáil agus ba cheart do dhaoine a bhfuil speisialtóireacht acu in ábhair idirchultúrtha (ombudsman) oiliúint a chur orthu. Tá sé sin tábhachtach do ghrúpaí leochaileacha go háirithe. Is féidir leis na gníomhaíochtaí sin cuidiú le feabhas a chur ar an eispéireas soghluaisteachta agus idirdhealú a íoslaghdú. Ina theannta sin, ba cheart dreasachtaí a sholáthar do theaghlaigh agus do chuideachtaí chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt dóibh.

### Réasúnú

Is tábhachtach sábháilteacht agus 'aontacht san éagsúlacht' a chinntiú do mhic léinn agus d'aosaigh shoghluaiste.



## Moladh 19

### Réamhchlaonadh a shárú trí dháileadh níos cothromaithe shocrúcháin Erasmus+ a spreagadh

Chun saoránaigh a spreagadh le hiarratas a dhéanamh ar raon níos éagsúla chinn scríbe Erasmus+, molaimid beart a dhéanamh ar dhá leibhéal:

1. Ar leibhéal institiúideach an Aontais: molaimid don Choimisiún prionsabail a cheapadh ba cheart do na hinstitiúidí atá rannpháirteach in Erasmus+ a bhreithniú le linn dóibh comhaontuithe comhpháirtíochta le hinstitiúidí oideachais eile a chinneadh agus a athnuachan.

Chun cur leis sin, d’fhéadfadh an Coimisiún ardán ar líne a fhorbairt, áit a bhféadfadh iarratasóirí a gcuid ábhar spéise, teangacha, tosaíochtaí, etc., a iontráil le go bhfaighidís moltaí ansin ar chinn scríbe a d’oirfeadh dóibh. D’fhéadfadh an córas ‘moltaí’ sin éagsúlacht na láithreacha a mhéadú trí dhaoine a spreagadh le dul chuig áiteanna nach smaoineoidís orthu ina mhalairt de chás.


2. Ar leibhéal na mBallstát: molaimid do na Ballstáit beart a dhéanamh chun líon rannpháirtithe Erasmus+ a fhaigheann siad a mhéadú. D’fhéadfadh na Ballstáit a n-institiúidí oideachais náisiúnta a spreagadh chun tuilleadh cúrsaí a thairiscint i mBéarla.

### Réasúnú

Tá an moladh seo tábhachtach ar dhá chúis:

Má mheastar nach bhfuil Ballstáit/tíortha áirithe chomh hinmhianaithe sin mar chinn scríbe, d’fhéadfaí nach mbainfí leas as áiteanna atá ar fáil sa chlár Erasmus+. Bíonn an iomarca daoine ag iarraidh dul chuig tíortha áirithe ar nós na Spáinne, ach bheadh tuilleadh áiteanna ar fáil do dhaoine chun páirt a ghlacadh sa chlár Erasmus+ dá spreagfaí daoine le dul chuig cinn scríbe níos éagsúla..

Ar an dara dul síos, má théann daoine chuig áiteanna nua nach raibh mórán faisnéise acu fúthu roimhe sin, nó má chuireann siad aithne ar chultúir nua, méadaíonn sé sin an tuiscint atá acu ar chultúir eile freisin agus cuidíonn sé leo réamhchlaonadh a shárú agus mar sin de.



## Moladh 20

### Measúnú a dhéanamh ar na bacainní riaracháin a bhíonn os comhair fostaithe agus fostóirí agus conas deireadh a chur leo

Molaimid don Choimisiún Eorpach measúnú a dhéanamh ar na bacainní atá os comhair fostaithe ó thaobh páirt a ghlacadh i gcláir soghluaisteachta foghlama (ranníocaíochtaí slándála sóisialta, pinsin, etc., mar shampla). Ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ina mheasúnú ar an méid a theastaíonn ó fhostóirí agus a spreagann iad chun a bhfostaithe a chur ar an gcoigríoch. Ar bhonn an mheasúnaithe sin, d’fhéadfadh an Coimisiún bearta breise a mholadh chun na bacainní sin a shárú.

#### Réasúnú

Tá baol ann, d’oibrithe go háirithe, nach mbeidh siad in ann dul ar an gcoigríoch ós rud é go bhfuil an iomarca bacainní riaracháin ann, cinn a bhaineann le slándáil shóisialta nó lena bpinsin, mar shampla. An féidir leo na sochair sin a aistriú idir na Ballstáit go héasca? Is gá tacú le saoránaigh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin riaracháin sin. Is é sin an fáth a molaimid don Choimisiún Eorpach staidéar a dhéanamh ar na dúshláin sin, le gur féidir aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach.




**Moladh 21**

## Straitéis cumarsáide spriocdhírithe le haghaidh Erasmus+ a chur chun cinn

Molaimid gur cheart gach saoránach den Aontas a bheith ar an eolas faoi Erasmus+ laistigh de 3 bliana. Ba cheart é sin a bhaint amach trí straitéis cumarsáide éifeachtach a chruthú a dhíreodh ar ghrúpaí sonracha nach bhfuil eolas ná faisnéis acu faoi Erasmus+ ná faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. San áireamh sna grúpaí sin tá na daoine seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh: daoine faoi mhíchumas, oibrithe, daoine dífhostaithe, daoine faoi mhíbhuntáiste airgeadais, daoine a chónaíonn i limistéir thuaithe, daoine nach bhfuil oideachas treasach orthu, agus daoine atá i mbaol an eisiaimh shóisialta.

### Réasúnú

Is iomaí deis agus clár le haghaidh soghluaisteacht foghlama atá ann, ar nós Erasmus+ agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Ina theannta sin, forbraíodh moil faisnéise mar an t-ardán Erasmus+ agus an aip Erasmus+ cheana féin. Níl an fhaisnéis sin inrochtana go héasca, áfach, agus ní shroicheann sí na grúpaí ábhartha uile. Dá bhrí sin, molaimid go leagfaí amach mar sprioc go sroichfí gach saoránach den Aontas Eorpach laistigh de 3 bliana trí fheachtais feasachta shaincheaptha a chruthú chun spriocghrúpaí sonracha a shroicheadh, ar grúpaí iad nach bhfuil in ann rochtain a fháil ar an bhfaisnéis atá ar fáil faoi láthair nó tairbhiú den fhaisnéis sin.



## TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LE hINSTITIÚIDÍ AN AONTAIS EORPAIGH

### Dul ann tú féin

Tá na céadta Ionad 'Europe Direct' ann ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil ar líne (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga).

### Ar an bhfón nó i scríbhinn

Seirbhís is ea Europe Direct a thabharfaidh freagra duit ar cheisteanna faoin Aontas Eorpach. Is féidir leat dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:

— ag uimhir shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (d'fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),

— ag an ngnáthuimhir seo a leanas: +32 22999696,

— tríd an bhfoirm seo a leanas: european-union.europa.eu/contact-eu/write-us_ga.

## EOLAS A FHÁIL FAOIN AONTAS EORPACH

### Ar líne

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa (european-union.europa.eu).

### Foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh

Is féidir leat breathnú ar fhoilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh nó is féidir leat iad a ordú ag op.europa.eu/ga/publications. Más mian leat a lán cóipeanna d'fhoilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Europe Direct nó le d'ionad doiciméadúcháin áitiúil chun é sin a dhéanamh (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga).

### Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara

Chun teacht ar fhaisnéis dhlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1951 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex (eur-lex.europa.eu).

### Sonraí oscailte an Aontais Eorpaigh

Ar an tairseach data.europa.eu, cuirtear rochtain ar fáil ar thacair sonraí oscailte ó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Is féidir iad a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce chun críoch tráchtála nó neamhthráchtála. Cuirtear rochtain ar fáil freisin ar neart tacair sonraí ó thíortha na hEorpa.

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-68-09228-6 | doi:10.2775/371369 | NA-09-23-534-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-68-09188-3 | doi:10.2775/601220 | NA-09-23-534-GA-N |